2026/1045

13.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1045 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aigéad fosfónach ailcile áirithe agus a salann sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) (an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 18 Meán Fómhair 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéad fosfónach ailcile áirithe agus salann sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir LANXESS Deutschland GmbH ('Lanxess' nó 'an gearánach') isteach an 7 Lúnasa 2025. Ba é tionscal an Aontais le haghaidh aigéid fhosfónacha ailcile áirithe agus a salann sóidiam de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2385 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]) .

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, na hallmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh i ndáil le himeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí aigéad fosfónach ailcile áirithe agus a salann sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C , C/2025/5021, 18.9.2025, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5021/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2385 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2025 lena gcuirtear allmhairí aigéad fosfónach ailcile áirithe agus a salann sóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, (IO L, 2025/2385, 28.11.2025, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2385/oj.

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.5. **Sampláil**

(7) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Gan táirgeoirí an Aontais a shampláil

(8) Ós rud é gurb é Lanxess an táirgeoir aonair de chuid an Aontais, ní raibh gá le sampláil sa chás seo.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(9) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(10) Sholáthair trí allmhaireoir neamhchomhlachaithe a bhaineann leis an ngrúpa corparáideach céanna an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(11) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(12) Sholáthair cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí chuideachta ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(13) Rinne Shandong Green Technologies Import and Export Co., Ltd., táirgeoir onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid na Síne, agóid faoin gcinneadh gan é a chur san áireamh sa sampla.

(14) Rinne an Coimisiún anailís ar fhiúntas na hagóide. Dheimhnigh an Coimisiún go raibh méideanna onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin i bhfad níos ísle ná méideanna na n-onnmhaireoirí sampláilte. Thairis sin, shuigh an Coimisiún gurbh é a bhí sa sampla beartaithe an méid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 17(1) den bhun-Rialachán. Dá réir sin, níor aimsigh an Coimisiún aon chúis leis an sampla a leasú. Dá bhrí sin, coinníodh an sampla faoi mar a bhí sé.

1.6. **Scrúdú aonair**

(15) Chuir Shandong Green Technologies Import and Export Co., Ltd. in iúl don Choimisiún freisin go bhféadfadh sé go n-iarrfadh sé scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, níor chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin sin freagra ar an gceistneoir isteach agus dá bhrí sin níor iarr sé scrúdú aonair sa deireadh.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(16) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(17) Thairis sin, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil freisin sa ghearán maidir le saobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na cuideachtaí sampláilte sa tSín. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([4]) lá an tionscnaimh.

(19) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— LANXESS Deutschland GmbH, Köln, an Ghearmáin

Allmhaireoirí Neamhchomhlachaithe:

— Connect Chemicals GmbH, Connect Chemicals Benelux B.V. agus Connect Chemicals Italia Srl ('Connect'), Ratingen, an Ghearmáin

Úsáideoirí:

— Hypred SAS, Dinard, an Fhrainc ('Hypred')

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd., Jiyuan, an tSín

— Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd., Nantong, an tSín

— Shandong Taihe Technologies Co., Ltd., Zaozhuang, an tSín

Allmhaireoir comhlachaithe san Aontas:

— Uniphos GmbH, Gross-Gerau, an Ghearmáin

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(20) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(21) Is é an táirge faoi imscrúdú aigéad 2-fosfónabútáin-1,2,4-trícharbocsaileach agus a shalann sóidiam 2-fosfónabután-1,2,4-trícharbocsaláit hidrigine teitreasóidiam, i bhfoirm sholadach nó i dtuaslagán uiscí, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 2931 49 80 (cód TARIC 2931 49 80 60) ('an táirge faoi imscrúdú').

(22) Is iondúil go dtagann an táirge faoi imscrúdú faoi Sheirbhísí na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 37971-36-1 agus 66669-53-2, tá sé cláraithe san Aontas Eorpach faoi uimhreacha tagartha an Chomhphobail Eorpaigh (CE) 253-733-5 agus 266-442-3, faoi seach, agus is iad 0027475-9 agus 0087281-1 na hUimhreacha Custaim agus Staidrimh ('CUS') ar an bhFardal Eorpach Custaim maidir le Substaintí Ceimiceacha ('ECICS').

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2813.

(23) Táirgtear an táirge faoi imscrúdú trí na trí phríomhchéim seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, imoibríonn foisfít démheitile ('DMPI') agus eistear démheitile aigéid mhailéach ('MDE') le bunchatalaíoch in imoibreoir, lena bhfoirmítear teitrimeitileistear aigéid fhosfónaigh (PBS-Ester). Ansin aistrítear an PBS-Ester a foirmíodh sa chéad imoibreoir gan aonrú go dtí an dara himoibreoir ina n-imoibríonn PBS-Ester le heistear meitile aigéid aicriligh (AM) in imoibriú eile bonnchatalaithe chun eistear peintimeitile 2-fosfónabútáin-1,2,4-aigéid thrícharbocsaileaigh (PBTC-Ester) a dhéanamh. Aistrítear an PBTC-Ester ansin chuig an tríú himoibreoir. Chun PBTC-Ester a fhoirmiú, déantar PBTC-Ester a hidrealú le huisce. Táirgtear PBTC-Na4 ó PBTC trí neodrú le hiodrocsaíd sóidiam.

(24) I measc phríomhfheidhmeanna PBTC tá próisis cóireála uisce, agus glanadh tionsclaíoch agus institiúideach. Is é is cúis leis sin an ról is fearr atá acu mar choscairí scála agus creimthe.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(25) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(26) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(28) Ní bhfuair an Coimisiún aon aighneacht ná maíomh ó pháirtithe leasmhara maidir le raon táirge an imscrúdaithe.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(29) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(30) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun PBTC a tháirgeadh. Chuir ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(31) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh

de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht ó pháirtithe eile maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(32) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(33) An 13 Márta 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh PBTC. Sa bhreis air sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is é sin an Bhrasaíl, mar thír ionadaíoch iomchuí. Chuir dhá pháirtí leasmhara (Shandong Taihe Technologies Co., Ltd ('Taihe') agus Lanxess) barúlacha isteach maidir leis an nóta. Tugtar aghaidh ar na barúlacha i roinn 3.2.

3.2. **An Gnáthluach**

(34) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir.

(35) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SG&A' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

(36) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(37) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sonraítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu'. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(38) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta.

(39) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(40) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

(41) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('an Tuarascáil') ([5]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe (amhail earnáil na gceimiceán, ….). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh. Bhí an gearánach ag brath ar an bhfianaise a bhí sa Tuarascáil, go háirithe an chaibidil shonrach den Tuarascáil inar tugadh aghaidh ar an saobhadh in earnáil na gceimiceán sa tSín ([6]).

(42) Chuir an gearánach in iúl gur geilleagar margaidh sóisialach é Stát na Síne a forbraíodh faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne lena gcumhdaítear gach gné fhíor-riachtanach den Stát, lena n-áirítear an geilleagar agus an córas breithiúnach, toisc nach rialaítear institiúidí na Síne le prionsabal dheighilt na gcumhachtaí. D'áitigh sé go bhfeidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne rialú an-docht ar an leibhéal eacnamaíoch, rud a d'fhág go raibh tábhacht mhór ag baint leis na cuideachtaí faoi úinéireacht stáit i ngeilleagar na Síne. Tá an Páirtí Cumannach gníomhach sna hinstitiúidí rialtais agus i struchtúir chorparáideacha na gcuideachtaí príobháideacha agus na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit araon a mhéid is féidir leis ceannasacht agus smacht iomlán a fheidhmiú ar gheilleagar iomlán na Síne. Tharraing an gearánach aird ar thrí phríomhbhealach idirghabhála Rialtas na Síne i ngeilleagar na Síne: riaracháin, airgeadais agus rialála ([7]).

(43) Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Thagair an gearánach freisin do thorthaí an Choimisiúin i roinnt imscrúduithe a rinneadh le déanaí, inar deimhníodh gurb ann do shaobhadh suntasach maidir le hearnáil ceimiceán na Síne, lena n-áirítear san imscrúdú maidir le heistir fosfáite ailcile áirithe ([8]), aicéasuilféim ([9]), aigéad citreach ([10]) agus glútamáit mhonasóidiam ([11]).

(44) Thairis sin, meabhraíodh sa ghearán na gnéithe seo a leanas a raibh saobhadh suntasach mar thoradh orthu.

([5]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final.

([6]) Gearán (leagan oscailte), mír 74.

([7]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 64-66.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (OJ L, 2024/1064, 10.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1064/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/116 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (OJ L 19, 28.1.2022, p. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/116/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (OJ L, 2023/2180, 17.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2180/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (OJ L 132, 19.4.2021, p. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/633/oj).

(45) Ar an gcéad dul síos, tá fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú nó maoirseacht beartais nó faoi stiúir na n-údarás Stáit ag freastal go suntasach ar an earnáil PBTC. Áirithíonn Rialtas na Síne tionchar láidir ar chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus ar chuideachtaí príobháideacha araon, go háirithe i dtionscail a mheastar a bheith straitéiseach nó a spreagtar amhail earnáil na gceimiceán (lena gcuimsítear PBTC agus a shalann sóidiam). Ceapann agus rialaíonn Rialtas na Síne príomhfheidhmeannaigh trí Pháirtí Cumannach na Síne chomh maith le rochtain fhabhrach a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar ionchuir thábhachtacha (amhail talamh agus caipiteal) agus ar bhuntáistí iomaíocha eile. Ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon, bhunaigh Rialtas na Síne na Coimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht Stáit chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna scairshealbhóirí an Stáit i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Thagair an gearánach freisin don 'Chóras Creidmheasa Sóisialta' mar uirlis nua arna formhuiniú ag Páirtí Cumannach na Síne a bheidh á húsáid ag Rialtas na Síne chun faireachán agus rátáil a dhéanamh ar iompar na gcuideachtaí intíre agus eachtracha uile sa tSín agus chun dul i bhfeidhm orthu ([12]). Ar deireadh, in 2021, d'eisigh Rialtas na Síne an 14ú Plean Cúig Bliana arb é is aidhm dó seasamh le beartais shóisialacha agus fás eacnamaíoch na Síne a threisiú trí gheilleagar margaidh sóisialach.

(46) Maidir leis an tionscal PBTC go sonrach, tá cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós ann agus de réir faisnéis atá ar fáil go poiblí, is cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit iad roinnt príomhtháirgeoirí PBTC agus PBTC-Na4. Mar shampla, China National Chemical Corporation (ChemChina), arb é Sinochem Holding Company Limited an scairshealbhóir ann ([13]). Ar an gcaoi chéanna, is cosúil go bhfuil cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach faoi dhlúthsmacht Rialtas na Síne freisin ([14]). De réir an ghearánaigh, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá gníomhach sa tionscal PBTC agus PBTC-Na4 a neartú ([15]).

(47) Ar an dara dul síos, cuireann láithreacht an Stáit i gcuideachtaí PBTC ar a gcumas do na húdaráis cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais freisin. Trí bhearta rialála agus beartais, bíonn tionchar ag Rialtas na Síne freisin ar tháirgeadh, chomh maith le costais agus praghsanna táirgí amhail PBTC agus PBTC-Na4 trína láithreacht agus a idirghabháil sna hearnálacha réamhtheachtacha amhábhar agus ionchur is gá chun iad a tháirgeadh ([16]). Mar shampla, chuir Rialtas na Síne tionscadail infheistíochta straitéiseacha ar bun i gcúige Shandong a bhaineann le hainhidríd mhailéach, ar príomh-amhábhar é chun PBTC a tháirgeadh, rud a léiríonn aidhm Rialtas na Síne a tháirgeadh a mhéadú agus a leagann béim ar thábhacht ainhidríde mailéiche i dtionscal ceimiceán na Síne ([17]). Sampla eile is ea fosfar buí, príomh-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh PBTC agus PBTC-Na4. Thagair an gearánach don imscrúdú frithdhumpála a rinneadh le déanaí maidir le hallmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe ón tSín inar aithin an Coimisiún go bhfuil straitéis curtha i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun táirgeadh fosfair bhuí a rialú agus chun idirghabháil a dhéanamh ann ([18]). Coinníonn Rialtas na Síne cáin onnmhairiúcháin ar fhosfar buí atá socraithe ag 20 % freisin, rud a chuireann cosc ar onnmhairiú an amhábhair sin agus a chruthaíonn ró-acmhainneacht ollmhór sa tSín. D'áitigh an gearánach freisin gur saobhadh margaidh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán atá sa cháin onnmhairiúcháin sin, lena laghdaítear go saorga costas táirgthe díorthach fosfair amhail PBTC agus a shalainn. Thairis sin, chruthaigh beartas cánach onnmhairiúcháin Rialtas na Síne saobhadh idirnáisiúnta freisin maidir le fosfar buí a dhéanann difear do sholáthróirí Vítneamacha agus Casacstánacha an amhábhair ([19]).

(48) Ar an tríú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Mhínigh an gearánach go ndéantar forbairt gheilleagar na Síne a chinneadh trí chóras pleanála mionsaothraithe ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus áitiúla díriú orthu agus a ndícheall a dhéanamh iad a chur chun feidhme. Dhírigh Rialtas na Síne go comhsheasmhach ar thionscal na gceimiceán ina dhoiciméid bheartais éagsúla agus mhúnlaigh sé go soiléir a bhearta chun tús áite a thabhairt do tháirgeoirí ceimiceán intíre. Féach go háirithe i ndáil leis sin an Cinneadh ón gComhairle Stáit maidir le Cur Chun Feidhme na bhForálacha Eatramhacha i ndáil le hAthstruchtúrú Tionsclaíoch a Chur Chun Cinn ('Cinneadh Uimh. 40') lena léirítear go soiléir go dtacaíonn Rialtas na Síne le forbairt thionscal na míncheimiceán. Thagair an gearánach do phleananna agus beartais cur chun feidhme éagsúla eile de chuid Rialtas na Síne a léiríonn tacaíocht láidir Rialtas na Síne do thionscal ceimiceán na Síne, ach go háirithe don fhorbairt agus don fhócas ar fhosfar buí a tháirgeadh, ar príomh-amhábhar é chun PBTC agus a shalainn a tháirgeadh (mar shampla, an Plean Cur Chun Feidhme chun Úsáid Éifeachtúil Ardluacha Acmhainní Fosfair a Chur Chun Cinn ('Plean Cur Chun Feidhme maidir le hAcmhainní Fosfair') ([20]).

([12]) Gearán (leagan oscailte), roinn 4.1.3.
([13]) Gearán (leagan oscailte), mír 91.
([14]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 92-94.
([15]) Gearán (leagan oscailte), mír 95.
([16]) Gearán (leagan oscailte), mír 103.
([17]) Gearán (leagan oscailte), mír 104.
([18]) Gearán (leagan oscailte), mír 105; féach fonóta 4 freisin.
([19]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 106-109.
([20]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 111-120.

(49) Ar an gceathrú dul síos, mórán mar a chéile le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá earnáil na gceimiceán faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na rialacha féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. D'áitigh an gearánach nach mbaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí amach go leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir, agus cearta creidiúnaithe agus féichiúnaithe a chosaint, rud a dhéanann difear do mhargadh airgeadais agus iasachtaíochta na Síne. Thairis sin, tá na heasnaimh a bhaineann le córas na gceart maoine an-soiléir a mhéid a bhaineann le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín, i.e. go bhfuil an talamh uile faoi úinéireacht Stát na Síne. Dá bhrí sin, de réir an ghearánaigh, tá táirgeoirí PBTC agus a shalainn faoi réir rialacha féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne, agus dá bhrí sin tá siad faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe sin ([21]).

(50) Ar an gcúigiú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh in earnáil PBTC agus PBTC-Na4 freisin. Ní eascraíonn costais phá as gnáthfhórsaí an mhargaidh ná as cómhargáil shaor ach tá siad faoi réir saobhadh suntasach sa tSín. Déantar saobhadh ar chostas pá a fheabhsú a thuilleadh le fóirdheontais saothair a sholáthraíonn Stát na Síne, go háirithe do tháirgeoirí PBTC. Mar shampla, de réir an ghearánaigh, thuairiscigh Shandong Taihe Water Treatment Technologies Co., Ltd., agus Henan Qingshuiyuan Technology Co. Ltd. roinnt fóirdheontas den sórt sin lena n-áirítear fóirdheontais oiliúna, fóirdheontais d'fhostaithe faoi oiliúint, fóirdheontais cobhsaithe post fiontair, cistí tallainne a thabhairt isteach, agus fóirdheontais uasghrádaithe scileanna. Dá réir sin, bíonn tionchar mór ag tionchar trom Rialtas na Síne ar an gcostas pá i dtionscail PBTC ar chostais agus ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, rud a chruthaíonn saobhadh suntasach ar an margadh ar ndóigh ([22]).

(51) Ar an séú dul síos, d'áitigh an gearánach go bhfuil rochtain ag táirgeoirí PBTC ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó, ar shlí eile, nach bhfuil ag gníomhú go neamhspleách ar an stát. Ós rud é go bhfuil tionchar ag an Stát ar gach mórghné de chóras airgeadais na Síne, tá rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín faoi réir saobhadh tábhachtach. Áirítear ar an saobhadh éagsúil sin láithreacht láidir rialtais sna hinstitiúidí airgeadais, agus costais iasachtaíochta atá íseal go saorga, chun fás infheistíochta a spreagadh, rud a léiríonn staid nach féidir a chur i gcomparáid le geilleagair eile atá bunaithe ar an margadh. Thagair an gearánach freisin do roinnt doiciméad beartais agus forálacha dlíthiúla lena leagtar síos prionsabail iasachtaithe fhabhracha, lena n-áirítear an Plean Cur Chun Feidhme maidir le hAcmhainní Fosfair, chun a léiriú go bhfuil tionchar ag saobhadh suntasach ar thionscal PBTC agus PBTC-Na4 mar gheall ar chur isteach Rialtas na Síne ar an gcóras airgeadais. Thairis sin, líomhain an gearánach gur thairbhigh táirgeoirí PBTC agus PBTC-Na4 na Síne go díreach d'iasachtaí fabhracha ó bhainc faoi úinéireacht an Stáit agus ó bhainc phríobháideacha araon. Mar shampla, ghlac Henan Qingshuiyan Technology Co. Ltd. iasachtaí ó roinnt bainc Shíneacha, amhail Agricultural Bank of China, Bank of China, China Construction Bank, China Merchants Bank agus CITIC Bank ([23]).

(52) D'áitigh an gearánach go bhfuil an saobhadh thuasluaite sistéamach. Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach gur ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán in earnáil PBTC agus PBTC-Na4 na Síne agus mar thoradh air sin níl sé iomchuí costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí. D'iarr sé ar an gCoimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí ([24]).

(53) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(54) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

([21]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 121-124.
([22]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 125-128.
([23]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 129-141.
([24]) Gearán (leagan oscailte), míreanna 142-143.

3.2.1.1. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais sa tSín

(55) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal 'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre' ([25]).

(56) Is é an geilleagar faoi úinéireacht Stáit an 'fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta' agus tá sainordú ag an Stát 'a chomhdhlúthú agus a fhás' a áirithiú ([26]). Go deimhin, i gcomparáid leis an 13ú Plean Cúig Bliana, dheimhnigh SASAC gur bhain fás 44,6 % le sócmhainní iomlána na bhfiontar lárnach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, 'rud a spreag forbairt chomhtháite na bhfiontar réamhtheachtach agus iartheachtach sa slabhra tionsclaíoch agus a chuir tacaíocht láidir ar fáil le haghaidh bhaint amach rathúil phríomhspriocanna agus phríomhthascanna fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta mo thíre' ([27]).

(57) Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne leagtha amach ar an iomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar ach tá idirghabhálacha den chineál sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear i dtábhacht é mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(58) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta agus de réir an dlí ceadaítear dóibh forbairt taobh le húinéireacht an Stáit ([28]).

(59) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir Stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú ó chéile ann.

(60) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(61) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne' cuireadh an dara habairt nua isteach a léitear mar seo a leanas: '[i]s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne' ([29]). Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá de shíor ag fás.

(62) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(63) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag féachaint ar na coinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([30]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(64) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin i dteannta a chéile, cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad i láthair ar gach leibhéal rialtais.

(65) Tá na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht fós leagtha síos i roinnt de na pleananna.

([25]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([27]) Féach: http://finance.people.com.cn/n1/2026/0128/c1004-40654753.html (arna rochtain an 5 Márta 2026).
([28]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 10, 18.
([29]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).
([30]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.

(66) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(67) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([31]).

(68) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht Stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([32]).

(69) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil dírithe ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar rialú a áirithiú agus idirghabháil ón Stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([33]).

(70) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí chun baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([34]).

(71) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht suntasach ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([35]).

(72) Mar sin, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha ón rialtas agus a spreagann iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([36]).

3.2.1.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(73) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

([31]) Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 57, 92.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([33]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([34]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([35]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([36]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

(74) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Shandong Taihe Technologies Co. Ltd ([37]) nó Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co. Ltd ([38]) ach freisin cuideachtaí atá faoi pháirtúinéireacht an Stáit amhail Nantong Uniphos Chemicals Co. Ltd ([39]), a bhfuil 67 % de faoi sheilbh Nantong Jiangshan Agrochemicals and Chemicals Co. Ltd ([40]), agus a bhfuil 27 % de féin faoi úinéireacht an Stáit ([41]). Thairis sin, in earnáil réamhtheachtach an fhosfair bhuí, ar príomh-amhábhar é a úsáidtear chun PBTC a tháirgeadh, tá an leibhéal úinéireachta Stáit fós suntasach, agus tá roinnt táirgeoirí faoi pháirtúinéireacht nó faoi rialú an Stáit ([42]), amhail Hubei Xingfa Chemicals Group Co. Ltd ([43]) ([44]) a bhfuil 20 % de i seilbh Yichang Xingfa Group Co. Ltd, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú Dhaon-Rialtas Bhardas Yichang nó Yunnan Phosphorus Group Co., Ltd ([45]), ar fochuideachta faoi lánúinéireacht ([46]) Yunnan Yuntianhua í, cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi rialú deiridh Choimisiún Yunnan um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht stáit ([47]).

(75) Mar sin féin, is gnách do Pháirtí Cumannach na Síne anois idirghabhálacha a dhéanamh sa chinnteoireacht oibríochtúil, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([48]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar beagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí, go bunúsach, go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí i dteannta a chéile sa tSín. Thairis sin, tá earnáil iomlán an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartais rialtais: ar an gcéad dul síos, liostaítear 'próisis chóireála láibe fosfair ísealtruaillithe chun fosfar buí a tháirgeadh' i measc na dtionscal atá le spreagadh mar atá faoi chatagóir thionscal na gceimiceán agus na bpeitriceimiceán in Eagrán 2024 den Chatalóg Threorach maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail ([49]), rud a léiríonn rúin na n-údarás timpeallacht rialála a chruthú atá fabhrach d'fhorbairt na hearnála agus a d'fhéadfadh an bealach a réiteach freisin do rochtain an tionscail ar mhaoiniú. An tráth céanna, liostaítear táirgeoirí fosfair bhuí a bhfuil acmhainneachtaí táirgeachta níos lú acu i measc na dtionscal atá le díothú freisin, rud a léiríonn go bhfuil sé ar intinn ag údaráis na Síne tionchar a imirt ar leagan amach an tionscail fosfair: 'aonaid táirgthe fosfair bhuí a bhfuil acmhainneacht aonaid aonair acu is lú ná 5 000 tona in aghaidh na bliana ([50]).' Ionchuir eile amhail meatánól agus meataicrioláit mheitile arna dtáirgeadh ag táirgeoirí níos lú, liostaítear iad freisin faoi chatagóir na dtionscal srianta ([51]).

(76) Thairis sin, tugtar aghaidh go díreach sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair ([52]) ar earnálacha na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán agus é ráite ann '[i]n earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóimid roinnt fiontair cheannródaíocha sa slabhra tionscail a fheidhmeoidh ceannaireacht ar an éiceachóras agus a mbeidh croí-iomaíochas mar shaintréith acu, (...). Déanfar ról treorach na bpríomhfhiontar in earnálacha na gceimiceán agus na n-ábhar tógála a ghiaráil chun athchóiriú agus athstruchtúrú corparáideach a chur chun cinn.' Chomh maith leis sin, féachtar leis an bplean 'rialú docht a dhéanamh ar acmhainneachtaí nua i dtionscail amhail [...] fosfar buí'.

(77) Ina theannta sin, déantar an 'Plean Cur Chun Feidhme maidir le hAcmhainní Fosfair' ([53]) a fhoirmliú chun 'príomhchúraimí na bpleananna náisiúnta ábhartha a chur chun feidhme, úsáid éifeachtúil agus ardluacha acmhainní fosfair a bhaint amach, agus buntáiste iomaíoch an tslabhra thionsclaíoch ina iomláine a fheabhsú.' Go

([37]) Féach: https://www.thwater.com/rongyu.html (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([38]) Féach: http://www.qyscl.com.cn/index.php/about/31#31 (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([39]) Féach: https://www.uniphos.com.cn/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([40]) Féach: https://en.jsac.com.cn/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([41]) Féach tuarascáil bhliantúil Nantong Jiangshan Agrochemicals and Chemicals Co. Ltd 2024, lch. 83, atá le fáil ag: https://www.jsac.com.cn/uploadfile/202504/cd9fba280fea622.pdf (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([42]) Féach: https://chemicalresearchinsight.com/2025/11/01/top-10-companies-in-the-yellow-phosphorus-industry-2025-market-leaders-powering-global-chemicals/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([43]) Féach: https://www.xingfagroup.com/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([44]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Hubei Xingfa Chemicals Group, lch. 74, atá le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2025/2025-4/2025-04-01/10835918.PDF (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([45]) Féach: http://en.yunphos.com/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([46]) Féach: https://ypc123456.en.made-in-china.com/ (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([47]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 Yunnan Yuntianhua Co. Ltd, lch. 115, atá le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2025/2025-3/2025-03-25/10802990.PDF (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([48]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([49]) Féach, lch. 23 de Chatalóg Treorach 2024 maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail atá le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([50]) Ibid, lch. 110.
([51]) Ibid, lch. 87.
([52]) An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, Ranna IV.3 agus IV.1, le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([53]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202401/content_6923991.htm (arna rochtain an 20 Márta 2026).

sonrach, féachtar leis an bplean le 'dlús a chur le claochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta amhail [...] fosfar buí, tionscail atá ag teacht chun cinn a fhorbairt go fuinniúil amhail ceimiceáin fosfair ardleibhéil, dlús a chur le saothrú braislí ardmhonaraíochta, agus córais tionscail ceimiceán fosfair ardleibhéil, chliste, ghlasa, chomhtháite agus thiubhaithe a thógáil'.

(78) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([54]).

(79) Mar shampla, Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne ('CPCIF'), comhlachas earnála an tionscail. De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, 'glacann an eagraíocht 'leis an treoir ghairmiúil, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus bainistíocht, ag eintitis atá i gceannas ar fhoirgneamh an Pháirtí, agus ag na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail' ([55]).

(80) Ina theannta sin, tá Coiste Speisialta um Cheimiceáin Ardleibhéil curtha ar bun ag CPCIF lena gcumhdaítear 'oibreáin cóireála uisce' go sainráite ([56]).

(81) Tá Hubei Xingfa Chemicals Group Co. Ltd agus Yunnan Yuntianhua ina gcomhaltaí de CPCIF ([57]) ([58]).

(82) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: an Stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don Stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostas

(83) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht Stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó.

(84) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([59])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(85) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([60]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([61]).

(86) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([62]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([54]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([55]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([56]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/39747711-f959-4eb8-8a59-0f3f776ae8e0 (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([57]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010 (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([58]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/78f4fdd0-52c0-429d-b47b-a34ee66ff54f (arna rochtain an 20 Márta 2026).
([59]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.
([60]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - *Xi's Gamble: The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*, Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([61]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.
([62]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 24 Márta 2026).

(87) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ([63]) ('na Treoirlínte') rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(88) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: 'ní mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe'. Cuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte, mar sin, ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([64]).

(89) Deimhníodh san imscrúdú gurb ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí/feidhmeanna an Pháirtí san earnáil PBTC agus PBTC-Na4 freisin.

(90) Chun sampla a thabhairt, tá Uachtarán Henan Qingshuiyuan Technology ([65]), an grúpa a bhfuil Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co. Ltd ina sheilbh aige, ina cheann ar Bhrainse Pháirtí Ginearálta an Ghrúpa freisin ([66]).

(91) Ar an gcaoi chéanna, tá poist Leas-Rúnaí agus Rúnaí Choiste an Pháirtí ag Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Nantong Jiangshan Agrochemicals and Chemicals Co. Ltd faoi seach ([67]).

(92) Thairis sin, sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 13 d'Airteagail Chomhlachais Shandong Taihe Technologies Co. Ltd ([68]): 'I gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, bunóidh an chuideachta eagraíocht de chuid an Pháirtí Chumannaigh agus déanfaidh sí gníomhaíochtaí an Pháirtí. Soláthróidh an chuideachta na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.'

(93) Tarlaíonn cur isteach Pháirtí Cumannach na Síne ar an tionscal réamhtheachtach ó na comhduithe corparáideacha atá ar fáil. Léirítear i dtuarascáil bhliantúil 2024 ó Hubei Xingfa Chemicals Group Co. Ltd go bhfuil Cathaoirleach, Bainisteoir Ginearálta agus roinnt Stiúrthóirí na cuideachta ina Rúnaí agus ina Leas-Rúnaithe faoi seach ar choiste páirtí na cuideachta sealbhaíochta Yichang Xingfa Group Co. Ltd ([69]). Le linn a imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún go nglacann Yichang Xingfa Group Co. Ltd páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí comhordaithe ([70]) tionscail arna n-eagrú agus arna maoirsiú ag Páirtí Cumannach na Síne.

(94) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([71]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, san earnáil PBTC agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(95) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh cuid mhór le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu.

([63]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([64]) Financial Times (2020) - *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise:* https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([65]) Féach: http://www.qyscl.com.cn/ (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([66]) Féach: http://www.qyscl.com.cn/index.php/content/231 (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([67]) Féach tuarascáil bhliantúil Nantong Jiangshan Agrochemicals and Chemicals Co. Ltd 2024, lch. 45, atá le fáil ag: https://www.jsac.com.cn/uploadfile/202504/cd9fba280fea622.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([68]) Féach: https://money.finance.sina.com.cn/corp/view/vCB_AllBulletinDetail.php?stockid=300801&id=11086997 (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([69]) Féach tuarascáil bhliantúil 2024 ó Hubei Xingfa Chemicals Group Co. Ltd, lch. 35, atá le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2025/2025-4/2025-04-01/10835918.PDF (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([70]) Féach: https://news.hubeidaily.net/mobile/c_5118226.html (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([71]) Tuarascáil – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.

Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(96) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([72]).

(97) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(98) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus peirspictíochtaí 2035 ([73]) 'tionscail thraidisiúnta a uasghrádú, barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhar amhail peitriceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála a chur chun cinn, soláthar táirgí ardcháilíochta a leathnú in earnálacha amhail tionscal éadrom agus teicstílí, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú fiontar i bpríomhthionscail amhail tionscal na gceimiceán agus déanamh páipéir, agus feabhas a chur ar an gcóras monaraíochta glas' ([74]).

(99) De réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le tionscal na n-amhábhar ([75]), díreoidh an tSín 'ar na foréimsí nó ar na príomhtháirgí a bhfuil fondúireachtaí tionsclaíocha láidre acu, ar bhuntáistí comparáideacha tábhachtacha, agus ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha, d'fhonn ról iomlán a thabhairt don ról treorach atá ag príomhfhiontair sa slabhra tionsclaíoch, [...] agus d'fhonn baisc de bhraislí tionsclaíocha i bpeitriceimiceáin a fhorbairt. [...] In earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóimid roinnt fiontair cheannródaíocha a d'fhéadfadh éiceachóras an tslabhra thionsclaíoch a stiúradh le croí-iomaíochas' ([76]).

(100) Go sonrach, sainordaítear leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt ghlas na dtionscal ([77]) 'gur cheart acmhainneacht nua a thabhairt faoi dhianrialú i dtionscail amhail [...] fosfar buí' ([78]).

(101) Ina theannta sin, leis an Tuairim Threorach chun forbairt ardcháilíochta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán a chur chun cinn ([79]), ceanglaítear 'beartais earnála a neartú agus scála an tionscail a rialáil go heolaíoch: [...] acmhainneacht soláthair polaiméirí ardleibhéil, ceimiceán speisialtachta agus táirgí eile a fheabhsú'; [...] chomh maith le 'feabhas a chur ar bheartais tacaíochta: comhordú beartas fioscach, airgeadais, réigiúnach, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, fuinnimh, éiceolaíoch, comhshaoil, praghsanna agus na beartais thionsclaíocha eile a neartú. Lán-imirt a thabhairt don ardán náisiúnta um chomhar idir an tionscal agus an t-airgeadas [...]'.

(102) Chomh maith leis sin, is é is aidhm don 'Phlean Cur Chun Feidhme maidir le hAcmhainní Fosfair' ([80]) 'buntáiste iomaíoch shlabhra tionscail iomlán [an fhosfair] a fheabhsú' agus sainorduithe chun 'dlús a chur le claochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta amhail leasacháin fosfáite agus fosfar buí, tionscail atá ag teacht chun cinn a fhorbairt go fuinniúil amhail ceimiceáin fosfair ardleibhéil, dlús a chur le saothrú braislí ardmhonaraíochta, agus córas tionscail ceimiceán fosfair ardleibhéil, cliste, glas, comhtháite agus tiubhaithe a thógáil chun tacaíocht láidir a chur ar fáil chun tionsclú nua a chur chun cinn agus chun dlús a chur le tógáil cumhachta monaraíochta.'

([72]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([73]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 23 Márta 2026).
([74]) Ibid Roinn III.8.
([75]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([76]) Ibid. Féach Roinn IV.2 agus IV.3.
([77]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/03/content_5655701.htm (arna rochtain an 23 Márta 2026).
([78]) Ibid.
([79]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/yj/art/2022/art_4ef438217a4548cb98c2d7f4f091d72e.html (arna rochtain an 23 Márta 2026).
([80]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202401/content_6923991.htm (arna rochtain an 23 Márta 2026).

(103) Ar leibhéal na gcúigí, ceanglaítear leis an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Henan maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta 'bonn náisiúnta tionscail salainn a thógáil [agus] dlús a chur le claochlú thionscal na gceimiceán i dtreo míncheimiceáin agus ábhair cheimiceacha nua ([81])'. Go sonrach, d'eisigh Henan Plean Cur Chun Feidhme don nuálaíocht theicneolaíoch ([82]) in 2017 lena bhféachtar le 'tionscail thraidisiúnta a chur chun cinn agus a uasghrádú [agus díriú ar] phríomhtheicneolaíochtaí agus tacair iomlána éifeachtúla trealaimh a fhorbairt le haghaidh cóireáil fuíolluisce thionsclaíoch ardfhorbartha'.

(104) Tá Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co. Ltd. lonnaithe in Henan.

(105) Ina theannta sin, sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shandong maidir le forbairt an tionscail ceimiceán ([83]), iarrtar ar na húdaráis áitiúla '[l]aghdú a dhéanamh ar aistriú teicneolaíoch na bhfiontar atá ann cheana, feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide fuinnimh agus acmhainní, agus croí-iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú [agus] sásra a bhunú d'fhiontair chun tarraingt siar ó pháirceanna, deireadh a chur go diongbháilte le hacmhainneacht táirgeachta atá imithe as feidhm, acmhainneacht táirgeachta shrianta a rialú go docht, agus beartais agus bearta difreáilte a chur chun feidhme maidir le leithdháileadh tosca acmhainní amhail talamh, leictreachas agus uisce chun iallach a chur ar fhiontair aistriú agus forbairt a dhéanamh'. Iarrann sé freisin go ndéanfaí '[m]éadú ar an tacaíocht airgeadais. Dreasachtaí beartais fhioscaigh a neartú, cistí speisialta a chomhordú agus baint a bheith acu leo, tacú le cuideachtaí ceimiceacha dlús a chur leis an gclaochlú teicneolaíoch, claochlú cliste, aistrithe tionsclaíocha, athlonnú i bpáirceanna, deireadh a chur le trealamh atá imithe i léig, etc., agus díolúintí cánach is infheidhme maidir le hallmhairí mórthrealaimh theicniúil, aisíocaíochtaí CBL, beartais taighde agus forbartha a chur chun feidhme amhail asbhaint bhreise costas agus cúiteamh árachais don chéad tacar de threalamh teicniúil. Institiúidí airgeadais éagsúla agus caipiteal sóisialta a threorú go gníomhach chun infheistíocht a dhéanamh sa tionscal ceimiceán, na buntáistí a bhaineann le hairgeadas beartais, airgeadas forbartha agus airgeadas tráchtála a threisiú, agus cur leis an tacaíocht airgeadais do phríomhréimsí na teicneolaíochta ceimicí'. Go sonrach, féachann an plean le 'tionscal na gceimiceán salainn a threorú agus a fhorbairt i dtreo tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn amhail ábhair nua, cosaint nua an chomhshaoil, agus fuinneamh nua'.

(106) Ina theannta sin, sainordaítear le Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Shandong maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail éiceolaíochta agus cosanta comhshaoil 2023-2025 ([84]) 'go leathnaíonn agus go neartaíonn Bardas Zaozhuang tionscal na n-ábhar nua ceimiceach, atá dírithe go príomha ar oibreáin chóireála uisce ardleibhéil, struchtúr tionsclaíoch agus struchtúr soláthair fuinnimh na n-oibreán cóireála uisce a choigeartú, an leagan amach tionsclaíoch a bharrfheabhsú, slabhra tionsclaíoch ábhar nua cosanta comhshaoil ardleibhéil a thógáil, agus iarracht a dhéanamh mórbhonn tionsclaíoch intíre a chruthú le haghaidh ábhair nua cosanta comhshaoil (oibreáin cóireála uisce).' Sainordaítear leis an bPlean Gníomhaíochta freisin 'ar bhonn na dtionscadal agus na mbonn slabhra tionsclaíoch atá ann cheana amhail Shandong Taihe Technologies Co. Ltd agus Xintai Water Treatment, go dtógann [Bardas Zaozhuang] níos mó ná deich bpríomhthionscadal, lena n-áirítear an slabhra tionsclaíoch oibreán cóireála uisce a leathnú, cineálacha nua oibreán cóireála uisce a fhorbairt, agus cion na dtáirgí oibreán cóireála uisce atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus atá glas a mhéadú. Faoi 2025, sroichfidh acmhainneacht táirgeachta ábhar nua éagsúil cosanta comhshaoil (oibreáin chóireála uisce) 1 mhilliún tona.'

(107) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(108) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

([81]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Henan maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta agus nuachóiriú an tionscail seirbhíse 2021/49, Roinn III.1.

([82]) Féach: https://www.jiyuan.gov.cn/zwgk/zfxxgk/zc/xzgfxwj/t829785.html (arna rochtain an 24 Márta 2026).

([83]) Féach: http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=17e54531cb74483596b5cca1a40ec8d8.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2026).

([84]) Féach: https://www.h2o-china.com/news/346173.html (arna rochtain an 24 Márta 2026).

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(109) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(110) Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, toisc, thar aon ní eile, go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([85]).

(111) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([86]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an Stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([87]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([88]).

(112) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá d'éifeacht leis sin go bhfuil na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir saobhadh ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil PBTC agus PBTC-Na4. Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin.

(113) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(114) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([89]).

(115) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([90]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(116) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([91]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais phá sa tSín.

([85]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([86]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([87]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([88]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.
([89]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([90]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.
([91]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.

(117) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil PBTC agus PBTC-Na4 faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát

(118) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(119) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([92]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain ar mhaoiniú a dheonú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht Stáit) ([93]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(120) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil fhollasach chun a ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta eacnamaíche agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit ([94]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht bhaincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

(121) Léiríonn forbairtí le déanaí a mhéid a imríonn an rialtas tionchar ar institiúidí airgeadais sa tSín. I mí an Mhárta 2025, d'fhógair Rialtas na Síne eisiúint RMB 500 billiún i mbannaí státchiste chun mórthacaíocht airgeadais a sholáthar do bhainc mhóra, lena n-áirítear Bank of China, China Construction Bank, Bank of Communications, agus Postal Savings Bank of China. Bhí sé d'aidhm ag an idirghabháil sin na hinstitiúidí sin a chobhsú le linn do bhrabúsacht a bheith ag laghdú agus glanchorrlaigh úis ísle, rud a chuir i dtábhacht na bearta réamhghníomhacha a rinne an Stát chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun ([95]).

(122) Shoiléirigh Rialtas na Síne freisin nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([96]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go sonrach, an chaoi 'a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ([97]).

([92]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([93]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([94]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([95]) Tacaíocht ad hoc Rialtas na Síne do Bhainc,' Fógra oifigiúil, an Aireacht Airgeadais, an tSín, an 29 Márta 2025 https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm (arna rochtain an 12 Márta 2026).
([96]) Féach doiciméad beartais oifigiúil Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*: http://www.hunan.gov.cn/zqt/zcsd/202009/t20200914_13727273.html (arna rochtain an 24 Márta 2026). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* […] *Ní mór do Choiste an Pháirtí mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad*'.
([97]) Féach *Notice on the Commercial banks performance evaluation method* ó CBIRC arna eisiúint an 15 Nollaig 2020: https://www.beijing.gov.cn/zhengce/zhengcefagui/qtwj/202204/t20220407_2656358.html (arna rochtain an 24 Márta 2026).

(123) Thairis sin, ar leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, le 'Roinnt Beart chun Forbairt na hInfheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh' ([98]), féachann Rialtas na Síne le 'hacmhainní buiséadacha lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach.' Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin 'dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua [agus] tacú le roinnt tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí' ([99]).

(124) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([100]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([101]). Dá bharr sin, bíonn claonadh ann i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(125) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin, tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an Stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(126) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na comharthaí praghais fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([102]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr Páirtí Cumannach na Síne 'ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos' ([103]). Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnta, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(127) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(128) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an Stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(129) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

([98]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 24 Márta 2026).
([99]) Ibid, Roinn 11.
([100]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.
([101]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.
([102]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 27 Márta 2026).
([103]) http://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202006/t20200618_3534446.htm (arna rochtain an 13 Márta 2026).

3.2.1.8. Gné shistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air

(130) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil nuashonraithe. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil nuashonraithe.

(131) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe thuas ar an saobhadh sin. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí PBTC agus PBTC-Na4 faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(132) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil nuashonraithe.

(133) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

(134) Níl aon fhianaise ná argóint dá mhalairt á cur ar aird ag Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

3.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(135) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([104]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

([104]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(136) Mar a mhínítear in aithris (33), d'eisigh an Coimisiún nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh an 13 Márta 2026. Sa nóta sin, tuairiscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Bhrasaíl a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.3. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín.*

(137) Sa nóta maidir le tosca táirgeachta, mhínigh an Coimisiún, gur lasmuigh den tSín, is cosúil nach dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú ach amháin san Aontas Eorpach (an Ghearmáin) agus san India, agus ní tír iad ceachtar de na tíortha sin ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín i gcomhréir leis an critéir a luaitear in aithris (135).

(138) Ós rud é, i ngach tír ina dtáirgtear PBTC (an Ghearmáin agus an India), go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá éagsúil leis an leibhéal atá sa tSín, d'fhéach an Coimisiún ar tháirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus san earnáil chéanna leis an áirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún le fios go n-úsáidfeadh sé 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile' mar an chatagóir ghinearálta táirgí lena mbaineann PBTC chun tír ionadaíoch iomchuí a bhunú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(139) Sa nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Bhrasaíl, an Cholóim, an Indinéis agus an Mhalaeisia inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche leis an leibhéal atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear táirge atá sa catagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil chéanna leis an táirge faoi imscrúdú.

(140) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le leibhéal forbartha eacnamaíche na dtíortha sainaitheanta.

(141) Ina mbarúlacha maidir leis an nóta, d'aontaigh Taihe leis an gCoimisiún nár táirgeadh na táirge atá faoi imscrúdú ach amháin san Aontas, san India agus sa tSín agus gur cheart 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile' a bheith mar chatagóir ghinearálta na dtáirgí lena mbaineann PBTC.

3.2.4. *Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch*

(142) Sa nóta, shainaithin an Coimisiún tíortha ina raibh 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile' á dtáirgeadh, i.e. an Bhrasaíl, an Cholóim, an Indinéis agus an Mhalaeisia. Thairis sin, chinn an Coimisiún go raibh líon leordhóthanach cuideachtaí brabúsacha ag gach ceann de na ceithre thír ionadaíocha fhéideartha a tháirgeann 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile', rud a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SG& A agus na mbrabús.

(143) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach sa Bhrasaíl, sa Cholóim, san Indinéis agus sa Mhalaeisia.

(144) Chinn an Coimisiún nár allmhairigh aon cheann de na tíortha sin DMPI, an príomh-amhábhar chun PBTC a tháirgeadh. Sheiceáil an Coimisiún tíortha féideartha eile ach tháinig sé ar an gconclúid gur ar éigean a allmhairíodh DMPI isteach i dtíortha ard-mheánioncaim. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí allmhairiúcháin Global Trade Atlas ó gach tír isteach i ngach tír chun tagarmharc idirnáisiúnta neamhshaofa a shuí do DMPI. Tar éis don Choimisiún a shuí go raibh praghsanna allmhairí DMPI ón tSín i bhfad níos ísle ná praghsanna na n-allmhairí ó fhoinsí eile (agus dá bhrí sin gur dócha go ndearna an saobhadh a aimsíodh sa chás seo difear dóibh), bhain an Coimisiún de ríomh allmhairí tagarmhairc DMPI de thionscnamh na Síne.

(145) Ina dhiaidh sin, bhreathnaigh an Coimisiún ar allmhairí aicrioláite meitile (AM), ainhidríde mailéiche (MA), meatánóil (MeOH), bairillí IBC agus buicéad plaisteach isteach sa Bhrasaíl, sa Cholóim, san Indinéis agus sa Mhalaeisia. Léiríodh san anailís ar shonraí allmhairiúcháin nár leor na hallmhairí ó fhoinsí seachas an tSín isteach sa Cholóim, san Indinéis agus sa Mhalaeisia de chuid de na mórthosca táirgeachta, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí an Cholóim, an Indinéis ná an Mhalaeisia a mheas mar thír ionadaíoch oiriúnach. Go háirithe, léiríodh san anailís

gurbh é a bhí i gceist le sciar na n-allmhairí aicrioláite meitile ón tSín 77 % d'iomlán na n-allmhairí i gcás na Colóime. Bhí praghas 20 % níos ísle ar an meán ar na hallmhairí sin ná mar a bhí ó fhoinsí eile seachas an tSín (agus dá bhrí sin is dócha go ndearna an saobhadh a fuarthas sa tSín difear dóibh). Ina theannta sin, tháinig 62 % d'allmhairí bairillí IBC ón tSín agus praghsanna 44 % níos ísle orthu ná mar a bhí ar allmhairí ó fhoinsí eile. I gcás na hIndinéise, 91 % d'iomlán na n-allmhairí a bhí i gceist le hallmhairí ainhidríde mailéaiche ón tSín agus bhí praghas 22 % níos ísle orthu ar an meán ná mar a bhí ar allmhairí ó fhoinsí seachas an tSín agus 84 % agus 61 % d'iomlán na n-allmhairí faoi seach a bhí i gceist le hallmhairí bairillí IBC agus buicéad plaisteach ón tSín a raibh praghas 44 % agus 26 % níos ísle orthu ar an meán ná mar a bhí ar allmhairí ó fhoinsí seachas an tSín. I gcás na Malaeisia, 87 % d'iomlán na n-allmhairí a bhí i gceist leis an sciar d'allmhairí ón tSín i gcás aicrioláit mheitile agus, ar an meán, bhí praghas 36 % níos ísle orthu ná mar a bhí ar allmhairí ó fhoinsí eile seachas an tSín. Chomh maith leis sin, 73 % d'iomlán na n-allmhairí a bhí i gceist le hallmhairí ainhidríde mailéaiche agus buicéad plaisteach ón tSín a raibh praghas 73 % agus 18 % níos ísle orthu ar an meán faoi seach ná mar a bhí ar allmhairí ó fhoinsí eile seachas an tSín. Os a choinne sin, i gcás na Brasaíle, ba í ainhidríd mhailéach an t-aon phríomh-amhábhar ina raibh na hallmhairí ón tSín ina bhfoinse thábhachtach (58 %). Bhí an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín inchomparáide (go deimhin 3,6 % níos airde) leis na praghsanna ó na foinsí eile agus dá bhrí sin ní dócha go ndearna saobhadh difear dó.

(146) Dá bhrí sin, léirigh an anailís go bhféadfaí an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí toisc gur leor na cainníochtaí d'allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta agus nach ndearna allmhairí ón tSín ná ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([105]) difear ábhartha dóibh. Go háirithe, is ó fhoinsí seachas an tSín a fuair an Bhrasaíl 71 % dá hallmhairí aicrioláite meitile, 100 % dá hallmhairí meatánól, 85 % dá hallmhairí bairillí IBC agus 57 % dá hallmhairí buicéad plaisteach.

(147) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus na cuideachtaí Unipar Carbocloro S.A, Videolar-Innova S/A, Sika S A, Braskem Green S.A, Basequimica S.A. and Birla Carbon Brasil LTDA a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a shuí ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt.

(148) D'áitigh Taihe gur cheart an Tuirc, seachas an Bhrasaíl, a úsáid mar thír ionadaíoch. Mhaígh Taihe gur allmhairigh an Tuirc níos lú ón tSín ná ón mBrasaíl i gcás cuid de na tosca táirgeachta, is é sin ainhidríd mhailéach, buicéad plaisteach agus bairillí IBC (úsáidtear an dá cheann dheireanacha sin mar ábhar pacála).

(149) Mar sin féin, cé gur allmhairigh an Tuirc níos lú ón tSín ná ón mBrasaíl i gcás tosca táirgeachta áirithe, chinn an Coimisiún gur léirigh na sonraí a bhí ar fáil go poiblí (Orbis) maidir le táirgeoirí 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile' sa Tuirc ráta míréasúnta ard le haghaidh costais SG&A (59 %). Dá bhrí sin, níor measadh gur tír ionadaíoch oiriúnach í an Tuirc.

(150) Mhaígh Taihe freisin nár cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as sonraí allmhairiúcháin GTA ó gach tír chuig gach tír chun praghas margaidh idirnáisiúnta DMPI a shuí, ach ina ionad sin nár cheart dó ach an praghas onnmhairiúcháin ón Malaeisia a chur i bhfeidhm.

(151) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh. Tar éis don Choimisiún a chinneadh nár allmhairigh aon tír ard-mheánioncaim DMPI, chinn sé go raibh tagarmharc idirnáisiúnta neamhshaofa níos iomchuí sa chás seo ná onnmhairí ón Malaeisia, ar cinneadh nach tír ionadaíoch oiriúnach í sa chás seo. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh na cainníochtaí a onnmhairíodh ón Malaeisia beag (50 400 tona as 867 115 thona d'onnmhairiú iomlán an domhain gan an tSín a áireamh), rud a threisigh go raibh tagarmharc idirnáisiúnta níos iomchuí sa chás seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([105]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/749 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 (IO L 113, 29.4.2017, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/749/oj).

(152) Ar deireadh, mhaígh Taihe nár cheart trí cinn de na sé chuideachta Bhrasaíleacha a roghnaíodh chun an tagarmharc neamhshaofa a ríomh le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis a úsáid toisc go raibh a bpríomhghníomhaíocht ghnó éagsúil le 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile'. Ba iad seo a leanas na cuideachtaí sin: UNIPAR CARBOCLORO S.A, SIKA S A, agus BIRLA CARBON BRASIL LTDA. Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh sin agus dheimhnigh sé go raibh príomhghníomhaíochtaí gnó seachas 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile' ag dhá cheann de na cuideachtaí (SIKA S A, agus BIRLA CARBON BRASIL LTDA). Mar sin féin, i gcás an tríú cuideachta, UNIPAR CARBOCLORO S.A, níor aimsíodh aon fhianaise den sórt sin.

(153) Chuir an Coimisiún an fhaisnéis sin san áireamh chun an liosta cuideachtaí a chinneadh ar úsáideadh a sonraí airgeadais chun tagarmharcanna neamhshaofa a bhunú le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, agus liosta athbhreithnithe de chuideachtaí sa Bhrasaíl a bhfuil sonraí airgeadais acu le haghaidh 2024 a léiríonn brabúsacht dhearfach:

— UNIPAR CARBOCLORO S.A,

— VIDEOLAR-INNOVA S/A

— BRASKEM GREEN S.A,

— BASEQUIMICA S.A

3.2.5. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(154) Tar éis a shuí gurb í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch iomchuí, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.5.1. Conclúid

(155) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.5.2. Tosca táirgeachta

(156) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta PBTC

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
AMHÁBHAIR			
Foinse sonraí: HIS Markit Global Trade Atlas (GTA) [1] le haghaidh allmhairí agus Market Access Map, Lárionad Trádála Idirnáisiúnta (MacMap) [2] le haghaidh dleachtanna custaim			
Foisfít démheitile (DMPI)	2920 21 00	42 099,04	MT
Aicrioláit mheitile (eistir mheitile aigéid aicriligh) (AM)	2916 12 10	14 023,20	MT
Ainhidríd mhailéach	2917 14 00	8 672,81	MT
Meatánól (Alcól meitile) MeOH	2905 11 00	3 300,10	MT
Bairillí bulc-choimeádáin idirmheánaigh (IBC)	— *i bpolaiméirí: 3925 10 00 — *i gcruach nó i gcruach dhosmálta: 7309 00 7310 10	42 455,19	MT

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Buicéid phlaisteacha	3923 90 90 3926 90	67 003,64	MT
SAOTHAR			
neamhbhainteach	neamhbhainteach	23,01 CNY	Daonuair
FUINNEAMH			
Foinsí sonraí:	Leictreachas: Ministério de Minas e Energia sa Bhrasaíl ([3]), Uisce: Sanel Brazil ([4]), Gás: Ministério de Minas e Energia sa Bhrasaíl ([5]), modheolaíocht arna moladh ag Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ([6]) bunaithe ar chostas an gháis is gá chun é a tháirgeadh		
Leictreachas	neamhbhainteach	1,08	kWh
Uisce	neamhbhainteach	13,36	m^3
Gal	neamhbhainteach	206 ~ 252	MT
SEACHTHÁIRGÍ			
Meatánól (Alcól meitile) MeOH	2905 11 00	3 300,10	Kg

([1]) https://connect.spglobal.com/
([2]) www.macmap.org
([3]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/boletins%20anos%20anteriores/2024/english
([4]) https://www.sanel.eco.br/legislacao-e-tarifas/
([5]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/boletins%20anos%20anteriores/2024/english
([6]) https://www1.eere.energy.gov/manufacturing/tech_assistance/pdfs/steam15_benchmark.pdf. Tagraíonn an mhodheolaíocht do chostas gaile sáithithe do luachanna tipiciúla brú oibriúcháin agus teocht uisce beatha. Agus an mhodheolaíocht á cur i bhfeidhm, cuireadh ríomh i bhfeidhm ar bhonn na húsáide a bhain gach cuideachta as brú agus teocht.

(157) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, shloinn an Coimisiún an forchostas monaraíochta arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar úsáidte agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an forchostas monaraíochta neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na forchostais thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar na forchostais mhonaraíochta neamhshaofa.

3.2.5.3. Amhábhair

(158) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ([106]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa

([106]) Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithrisí (132) agus (133) thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(159) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach (níos lú ná 2 %) de na costais amhábhar iomlána i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin.

(160) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, dá bhforáiltear sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, d'úsáid an Coimisiún an luach CAL a taifeadadh i staidreamh allmhairiúcháin na tíre ionadaíche, mar atá ar fáil in GTA. Cuireadh na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha, atá ar fáil in MacMap, leis na luachanna CAL.

(161) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.5.4. Saothar

(162) Foilsíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ('EIS') faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear an bhliain 2024 le haghaidh an meánchostais saothair ó ILOSTAT in earnáil na monaraíochta sa Bhrasaíl, a chomhfhreagraíonn don Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha, dá ngairtear NACE de ghnáth, lena n-áirítear costais saothair i monarú buncheimiceán orgánach eile ([107]).

(163) Tar éis an nóta, d'áitigh Lanxess, maidir leis an tagarmharc saothair sa Bhrasaíl, gur cheart staidreamh náisiúnta oifigiúil na Brasaíle arna bhfoilsiú ag Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística (IBGE), a úsáid in ionad shonraí ILOSTAT. Scrúdaigh an Coimisiún na sonraí a chuir Lanxess isteach agus chinn sé nach raibh forluí idir faisnéis staidrimh IBGE a bhí ar fáil agus an tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, measadh nach raibh sí chomh hoiriúnach céanna le sonraí ILOSTAT ó 2024 lena gcumhdaítear leath na tréimhse imscrúdúcháin ar a laghad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

3.2.5.5. Leictreachas

(164) Is é Ministério de Minas e Energia sa Bhrasaíl a fhoilsíonn praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in BRL/kWh arna fhoilsiú an 14 Iúil 2025, lena gcumhdaítear 2024 ([108]).

3.2.5.6. Uisce

(165) D'úsáid an Coimisiún meánchostas an uisce sa Bhrasaíl arna mhuirearú ag Sanel Brazil ([109]) le haghaidh 2025, i.e. 13,36 CNY/m^3.

([107]) https://rshiny.ilo.org/dataexplorer96/?lang=en&segment=indicator&id=SDG_0851_SEX_OCU_NB_A.
([108]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/boletins%20anos%20anteriores/2024/english.
([109]) https://www.sanel.eco.br/legislacao-e-tarifas/

3.2.5.7. Gal

(166) Ríomh an Coimisiún praghas na gaile sa Bhrasaíl don tréimhse imscrúdúcháin trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a mhol Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ([110]) bunaithe ar chostas an gháis is gá chun é a tháirgeadh. Bhí an meánphraghas le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin a tháinig as sin idir 206 - 252 CNY/tona.

3.2.5.8. Seachtháirgí

(167) Chun an tagarmharc le haghaidh seachtháirgí a shuí, d'úsáid an Coimisiún an cóimheas idir luach na seachtháirgí agus luach an bhun-amhábhair, mar a taifeadadh i gcóras cuntasaíochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin agus chuir sé an cóimheas sin i bhfeidhm maidir leis an tagarmharc a fuarthas ó GTA.

3.2.5.9. Forchostais mhonaraíochta, costais SG&A agus brabúis

(168) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(169) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(170) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SG & A agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2024 i gcás cuideachtaí dá dtagraítear in aithris (153) arna mbaint as Orbis.

Ríomh

(171) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(172) Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.5.3.

(173) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SG & A, an brabús agus an dímheas i bhfeidhm mar a luaitear in aithrisí (169) go (170).

(174) Ba é 21,0 % méid na gcostas SG & A arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 20,0 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(175) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(176) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí.

([110]) https://www1.eere.energy.gov/manufacturing/tech_assistance/pdfs/steam15_benchmark.pdf. Tagraíonn an mhodheolaíocht do chostas gaile sáithithe do luachanna tipiciúla brú oibriúcháin agus teocht uisce beatha. Agus an mhodheolaíocht á cur i bhfeidhm, cuireadh ríomh i bhfeidhm ar bhonn na húsáide a bhain gach cuideachta as brú agus teocht.

(177) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(178) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachta chomhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SG & A agus le haghaidh na mbrabús a fabhraíodh (4,6 %), arb é brabús an allmhaireora neamhchomhlachaithe chomhoibríoch a bhí i gceist leis.

3.4. **Comparáid**

(179) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal trádála céanna agus lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(180) Mar a mhínítear in aithris (171), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SG & A agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(181) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: costas lastais, árachais, láimhseála agus luchtaithe.

(182) Rinneadh lamháltais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(183) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(184) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	210,4
Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	219,4
Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	182,9

(185) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán.

(186) Ar an mbonn sin, is é 210.4 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte.

(187) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn na faisnéise a chuir an gearánach ar fáil.

(188) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh níos mó ná 80 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta comhoibríche sampláilte agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici; 219,4 %.

(189) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	210,4 %
Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	219,4 %
Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	182,9
Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte	200,4
Gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne	219,4

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(190) Rinne táirgeoir amháin san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, Lanxess. Dá bhrí sin, is í an chuideachta 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(191) Suíodh gur thart ar [7 200 - 9 600] tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhunaigh an Coimisiún an figiúr sin ar fhreagra fíoraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(192) Bhunaigh an Coimisiún an figiúr sin ar fhreagra fíoraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir agus ar na freagraí samplála a sholáthair táirgeoirí comhoibríocha na Síne, arbh ionann iad agus iomlán na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(193) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais ([111]):

Tábla 2 —

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[12 100 - 16 200]	[11 500 - 15 300]	[12 200 - 16 300]	[11 300 - 15 000]
Innéacs	*100*	*95*	*100*	*93*

Foinse: Lanxess, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne.

(194) Tháinig laghdú 5 % ar thomhaltas an Aontais ó 2022 go 2023, ag filleadh ar leibhéil atá beagnach comhionann le leibhéil 2022 faoi 2024. Tháinig laghdú ar an tomhaltas ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí na leibhéil a chonacthas in 2023. Léiríonn an luaineacht in 2022 agus 2023 tionchar an chur isteach ar thrádáil tar éis COVID-19. In 2022, thóg úsáideoirí PBTC an Aontais stoic chun ganntanais soláthair a réamh-mheas, rud a d'fhág gur tháinig méadú saorga sealadach ar thomhaltas

(195) Cé gur thit tomhaltas PBTC an Aontais 7 % faoi bhun leibhéil 2022 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tugann an éabhlóid le linn na tréimhse imscrúdúcháin le fios go rabhthas ag filleadh ar ghnáthleibhéil, ós rud é go bhfuil leibhéil tomhaltais 2022 mar thoradh ar stocáil ardaithe arb é COVID-19 is cúis léi.

(196) In aon chás, léiríonn an pictiúr foriomlán le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú gur fhan tomhaltas an Aontais réasúnta cobhsaí le héagsúlachtaí ó bhliain amháin go bliain eile atá nasctha den chuid is mó le méadú nó dístocáil an ábhair.

4.3. **Allmhairí ón tSín**

4.3.1. *Méid na n-allmhairí ón tSín agus an sciar den mhargadh a bhain leo*

(197) Aicmítear allmhairí an táirge lena mbaineann faoi chód AC 2931 49 80. Mar sin féin, is cód iarmharach é sin le haghaidh 'comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile', lena n-áirítear réimse leathan comhdhúl ceimiceach nach bhfuil i gceist leis an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo den chuid is mó. In éagmais staitisticí gráinneacha nó tagarmharc iontaofa eile chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí ón tSín, d'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le díolacháin onnmhairiúcháin don tréimhse faoi bhreathnú mar bhonn do mhéideanna na n-allmhairí, arna soláthar ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a bhí ag comhoibriú leis an imscrúdú ina bhfreagraí samplála. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an leibhéal comhair ard sa chás seo, toisc go raibh na méideanna a tuairiscíodh níos airde ná na méideanna allmhairí a mheas an gearánach.

(198) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne ar an mbonn céanna leis na méideanna allmhairí.

(199) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 3 —

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tSín	6 742	9 318	9 703	9 290
Innéacs	*100*	*138*	*144*	*138*
Sciar den mhargadh (%)	[38-51]	[56-75]	[55-74]	[57-76]
Innéacs	*100*	*146*	*143*	*148*

Foinse: Freagraí samplála ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne.

([111]) Bhí úsáid neamhábhartha faoi chuing PBTC, a breithníodh le haghaidh tomhaltais agus táscairí eacnamaíocha eile.

(200) I ndearbhthéarmaí, tháinig méadú os cionn 2 500 tona ar na hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin [18–20] % de thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar an sciar iomlán den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne ó [38–51] % in 2022, sciar a bhí ard cheana féin, go [57–76] %, figiúr ar díol suntais é, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, tháinig méadú 38 % ar na hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022.

4.4. **Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus ísliú praghsanna**

(201) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn na bhfreagraí samplála ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a bhí ag comhoibriú leis an imscrúdú. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus an táirgeoir an Aontais chomh maith le freagraí ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe (le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin).

(202) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Allmhairí ón tSín	2 134	1 229	1 011	976
Innéacs	*100*	*58*	*47*	*46*

Foinse: Freagraí samplála ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne.

(203) Tháinig laghdú mór ar mheánphraghas na n-allmhairí ón tSín ó EUR 2 134/tona in 2022 go EUR 1 229/tona in 2023, agus thit sé a thuilleadh fós in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, is é sin go EUR 1 011/tona agus EUR 976/tona faoi seach.

(204) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 54 % ar mheánphraghas aonaid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín. Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú cheana féin, rinneadh na hallmhairí ón tSín a phraghsáil faoi bhun phraghsanna díola breathnaithe an Aontais mar a léirítear i dTábla 4 agus i dTábla 8. Mar sin féin, ag tosú ó 2023 agus gan bhriseadh go dtí deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, d'éirigh an bhearna praghsanna níos mó fós (mar shampla, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí praghsanna na Síne [35-45] % faoi bhun phraghsanna díola an Aontais.

(205) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoir an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(206) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir an chineáil i leith idirbhearta ar aon leibhéal amháin trádála. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoir an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 20 % agus 40 % i gceist leis na hallmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais.

(207) Ina theannta sin, thug an Coimisiún faoi deara gur eascair ísliú mór praghsanna (mar a léirítear leis an gcaillteanas brabúsachta) as na hallmhairí dumpáilte freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a dhíol tionscal an Aontais PBTC faoi bhun a chostais táirgthe.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(208) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(209) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa fhreagairt fhíoraithe a chuir an táirgeoir aonair de chuid an Aontais isteach. Rinne an Coimisiún meastóireacht freisin ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sa fhreagra a thug an táirgeoir aonair de chuid an Aontais ar an gceistneoir.

(210) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(211) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(212) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	[10 600 – 14 200]	[5 900 – 7 800]	[7 600 – 10 100]	[7 200 – 9 600]
Innéacs	*100*	*55*	*71*	*68*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[15 700 – 21 100]	[15 400 – 20 600]	[15 500 – 20 800]	[15 500 – 20 700]
Innéacs	*100*	*98*	*99*	*98*
Úsáid acmhainneachta	[60-70]%	[32-42]%	[40-50]%	[38-48]%
Innéacs	*100*	*57*	*72*	*69*

Foinse: Lanxess.

(213) Léirigh táirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas treocht shoiléir anuas nuair a cuireadh 2022 i gcomparáid leis an gcuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú thart ar 30 %–45 % ar an táirgeacht in 2023-an tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig feabhas ar na leibhéil táirgeachta in 2024, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i gcomparáid le 2023, is féidir é sin a chur i leith an fhíorais gur tháinig méadú ar thomhaltas tar éis do na húsáideoirí cuid mhór de na stoic a thóg siad in 2023 a thomhailt in 2022. In aon chás, in 2024, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor shroich leibhéil táirgeachta thionscal an Aontais ach thart ar 70 % de na méideanna táirgeachta a breathnaíodh ag tús na tréimhse faoi bhreathnú.

(214) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gan ach laghdú beag 1-2 % ann in 2023-an tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn nach raibh aon dúnadh síos ná suiteáil acmhainneachtaí breise ag an táirgeoir aonair de chuid an Aontais.

(215) Léirigh úsáid acmhainneachta, i gcomhréir le héabhlóid an táirgthe (féach aithris (213)), titim mhór tar éis 2022 agus d'fhan sí íseal go comhsheasmhach go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Thit an úsáid acmhainneachta go mór faoi bhun 50 % in 2023 agus níor fhan sí ach ag [38–48] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(216) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[6 500 – 8 700]	[3 700 – 5 000]	[4 100 – 5 500]	[3 500 – 4 700]
Innéacs	*100*	*57*	*63*	*54*
Sciar den mhargadh (%)	[45–60]	[27–36]	[28–37]	[26–35]

Foinse: Lanxess.

(217) Léiríonn méid díolachán tháirgeoir an Aontais laghdú mór idir tús na tréimhse faoi bhreathnú (2022) agus an chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú (2023-an tréimhse imscrúdúcháin). Cé go raibh an méid díolachán ag [6 500-8 700] tona in 2022, tháinig laghdú mór air sna blianta ina dhiaidh sin, agus ní raibh sna cainníochtaí díolachán le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach thart ar leath de na cainníochtaí a dhíol táirgeoir an Aontais in 2022.

(218) Maidir le héabhlóid an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, bhí an treocht dhíobhálach fhoriomlán le feiceáil go soiléir le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú, agus ba shuntasaí caillteanas an sciar den mhargadh ar bhonn bliantúlaithe idir 2022 agus an chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, nuair a tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó [45-60] % (2022) go [27 %-35] % sa tréimhse 2023-an tréimhse imscrúdúcháin.

(219) Cailleadh sciar den mhargadh, in éineacht le leibhéil táirgeachta agus rátaí oibriúcháin a bhí ag laghdú, is rud é sin ba thoradh ar allmhairí PBTC dumpáilte ón tSín a ghnóthaigh sciar den mhargadh (féach aithris (200)) sa tslí go raibh an táirgeoir aonair de chuid an Aontais thíos leis.

4.5.2.3. Fás

(220) Cé gur tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 46 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais ar ráta i bhfad níos airde. Dá bhrí sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh d'allmhairí ón tSín a raibh ceannas acu anois ar an margadh.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(221) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	[45–50]	[30–35]	[30–35]	[30–35]
Innéacs	*100*	*69*	*71*	*70*
Táirgiúlacht (aonad/ fostaí)	[200-300]	[150-250]	[200-300]	[200-300]
Innéacs	*100*	*80*	*101*	*97*

Foinse: Lanxess.

(222) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 30 % ar an bhfostaíocht san Aontas, agus níor tháinig ach laghdú 3 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ós rud é gur chomhfhreagair an laghdú ar na leibhéil fostaíochta go bunúsach don laghdú ar tháirgeacht le linn na tréimhse (cé is moite de 2023, nuair nach raibh laghdú ar mhéid an lucht saothair ag gabháil leis an laghdú géar ar tháirgeacht go fóill).

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(223) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tSín.

(224) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(225) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoir an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/ tona)	[2 300 – 3 000]	[1 800 – 2 300]	[1 400 – 1 900]	[1 400 – 1 900]
Innéacs	*100*	*78*	*61*	*62*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[2 300 - 3 100]	[2 400 - 3 200]	[1 900 - 2 600]	[2 000 - 2 700]
Innéacs	*100*	*102*	*83*	*88*

Foinse: Lanxess.

(226) Léirítear sa tábla thuas forbairt an phraghais díola aonaid ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas táirgthe comhfhreagrach.

(227) Bhí na meánphraghsanna díola níos ísle ná meánchostas aonaid an táirgthe cheana féin in 2022. Tar éis do thionscal na n-úsáideoirí na fardail a dhístocáil agus tar éis tuilleadh brú a bheith curtha ag na hallmhairí dumpáilte, tháinig meath breise fós ar an staid a bhain do tháirgeoir an Aontais. Mar thoradh ar an meath sin, tháinig laghdú ar phraghsanna díola tháirgeoir an Aontais, agus bhí na praghsanna i bhfad faoi bhun an chostais táirgthe, go háirithe idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(228) Tharla an t-ísliú praghsanna sin in imthosca inar tháinig laghdú níos géire fós ar an bpraghas díola mar a léirítear i dTábla 8, cé gur tháinig ceartú ar an gcostas táirgthe tar éis 2023 nuair a tháinig deireadh leis an ngéarchéim fuinnimh. Ar an iomlán, le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus i gcomparáid le 2022, tháinig laghdú 12 % ar an gcostas táirgthe agus tháinig laghdú níos mó ar an meánphraghas díola, is é sin 38 %. Mar thoradh air sin, bhí táirgeoir an Aontais ag feidhmiú ar chaillteanas mór le linn na tréimhse idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.3.2. Costais saothair

(229) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoir an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[64 000 – 85 500]	[61 000 – 81 600]	[62 500 – 83 600]	[63 600 – 85 100]
Innéacs	*100*	*95*	*98*	*99*

Foinse: Lanxess.

(230) Bhí an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag laghdú 5 % agus 2 % faoi seach in 2023-2024 i gcomparáid le 2022 agus ansin d'fhill sé go bunúsach ar leibhéil 2022 le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.3.3. Fardail

(231) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoir an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (tonaí)	[600 – 700]	[700 – 1 000]	[800 – 1 000]	[1 000 – 1 300]
Innéacs	*100*	*134*	*140*	*177*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	5	13	10	14

Foinse: Lanxess

(232) Tháinig méadú ar stoic dheiridh deireadh bliana mar chéatadán den táirgeacht ó 5 % in 2022 go 13 % in 2023 agus fiú 14 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a braitheadh an tionchar is mó ag na hallmhairí dumpáilte ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(233) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí a bhí ag an táirgeoir san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[0 – 4]%	[- 24] – [- 32]%	[- 27] – [- 36]%	[- 32] – [- 42]%
Sreabhadh airgid (EUR)	[450 000 – 550 000]	[- 3 500 000] – [- 4 500 000]	[- 4 000 000] – [- 5 000 000]	[- 5 000 000] – [- 6 000 000]

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR)	[300 000 – 400 000]	[240 000 – 340 000]	[90 000 – 130 000]	[40 000– 80 000]
Innéacs	*100*	*81*	*30*	*16*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[- 7]-[- 10]	[- 138]-[- 184]	[- 154]-[- 206]	[- 200]-[- 267]

Foinse: Lanxess

(234) Shuigh an Coimisiún brabúsacht an táirgeora aonair de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. In 2022, rinne an suaitheadh i slabhraí soláthair difear d'onnmhairí na Síne agus ghéaraigh sé soláthar PBTC. In 2022, agus méideanna móra allmhairí ón tSín roimhe cheana féin, níor phostáil Lanxess ach brabús beag, agus ina dhiaidh sin, tar éis 2023, d'éirigh an staid neamh-inbhuanaithe do tháirgeoir an Aontais toisc gur tháinig laghduithe ar mhéideanna díolachán agus ar phraghsanna i bhfad faoi bhun a chostais táirgthe, rud a d'fhág go raibh staid chaillteanais an-mhór ann sa tréimhse ón 2023 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

(235) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoir an Aontais a ghníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léirigh an anailís ar ghlansreabhadh airgid titim mhór in 2023 a bhí fós ann go dtí deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir leis an treocht a breathnaíodh ar fud na bpríomhtháscairí díobhála eile.

(236) Ar an gcaoi chéanna, léirigh infheistíochtaí treocht laghdaitheach ó 2023 ar aghaidh. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú géar (faoi 84 %) ar infheistíochtaí Lanxess agus bhain siad go príomha le cothabháil an innealra. Bhí an laghdú mór ar infheistíochtaí in 2023-sa tréimhse imscrúdúcháin ar aon dul leis an gcaillteanais a bhain do dhíolacháin PBTC an Aontais.

(237) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I bhfianaise na bhforbairtí a dtugtar tuairisc orthu thuas, bhí sé ag laghdú go leanúnach ó 2022 go dtí deireadh na tréimhse faoi bhreathnú.

(238) Maidir leis an gcumas caipiteal a thiomsú, mar gheall ar an timpeallacht ghnó atá ag dul in olcas, tá sé i bhfad níos costasaí agus níos deacra do thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú. In aon chás, ní mheasann an Coimisiún go ndéanfadh an cumas caipiteal a thiomsú difear ar bhealach ar bith don mheasúnú díobhála sa chás seo.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(239) Léiríodh leis na príomh-mhacratháscairí go raibh treocht dhiúltach ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú: Tháinig laghdú 32 % ar mhéid táirgeachta an Aontais, laghdú 31 % ar úsáid acmhainneachta, laghdú 46 % ar mhéid díolachán an Aontais agus laghdú 30 % ar fhostaíocht. Tháinig laghdú mór ar na táscairí sin go príomha ó 2023 ar aghaidh agus bhí treocht dhiúltach den sórt sin fós ann ar feadh a bhfuil fágtha den tréimhse faoi bhreathnú.

(240) Is féidir pictiúr den chineál céanna a tharraingt do na micreatháscairí. Ní raibh brabúsacht na ndíolachán san Aontas dearfach (beagán) ach amháin in 2022 ach tháinig laghdú uirthi ina dhiaidh sin agus bhain caillteanas do thionscal an Aontais ó 2023. Ar an gcaoi chéanna, d'éirigh sreabhadh airgid a bhí dearfach ag tús na tréimhse faoi bhreathnú diúltach ó 2023 ar aghaidh. D'ardaigh stoic dheiridh deireadh bliana mar chéatadán den táirgeacht os cionn 10 % ó 2023 ar aghaidh, nuair a bhí tionchar na n-allmhairí méadaitheacha ón tSín ag éirí neamh-inbhuanaithe do thionscal an Aontais.

(241) Tháinig méadú 38 % ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcomhthéacs laghdú os cionn 1 000 tona ar thomhaltas bliantúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú os cionn 2 500 tona ar allmhairí bliantúla ón tSín le linn na tréimhse céanna, rud a d'fhág gur mhéadaigh na honnmhairí ón tSín a sciar den mhargadh (lena gcuimsítear Lanxess agus onnmhaireoirí na Síne) dá réir sin, toisc go ndearna praghsanna na Síne sladghearradh mór ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí corrlaigh shladghearrtha na n-onnmhaireoirí ón tír lena mbaineann suntasach agus bhí siad idir 20-40 % (mar a leagtar amach in aithris (206)).

(242) Bhí na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín ina gcúis le hísliú mór praghsanna do thionscal an Aontais freisin. Mar thoradh air sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann díol fiú ar phraghsanna lena gcumhdaítear a gcostas táirgthe (d'ainneoin chlaonadh laghdaitheach an chostais tar éis 2023) agus bhain caillteanas dó ó 2023.

(243) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 84 % ar ghlaninfheistíochtaí, ar figiúr thar cuimse é, agus d'éirigh an toradh ar infheistíocht chomh maith leis an sreabhadh airgid diúltach ag tosú ó 2023, agus tháinig laghdú 30 % ar an líon fostaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, tá bagairt eiseach roimh thionscal an Aontais mar gheall ar shreabhadh méadaithe na n-allmhairí dumpáilte, agus tá laghdú mór tagtha ar a lucht saothair cheana féin ag Lanxess.

(244) Rinne forbairtí diúltacha na dtáscairí airgeadais amhail brabús, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht difear do chumas thionscal an Aontais aon infheistíocht mhór a dhéanamh, rud a chuir bac ar a fhás.

(245) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(246) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tSín. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tSín, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Ba iad na tosca sin allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoir an Aontais, éifeachtaí na n-éagsúlachtaí sna costais amhábhar agus an t-éileamh i margadh an Aontais.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(247) Tháinig méadú 38 % ar chainníochtaí na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 6 742 thona in 2022 go 9 290 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tharla an méadú ábhartha sin, mar a mhínítear in aithris (200), i gcomhthráth le laghdú 7 % ar an tomhaltas intíre agus tháinig laghdú 46 % ar dhíolacháin intíre tháirgeoir an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(248) Mar thoradh air sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar sciar na Síne den mhargadh ó [38-51] % go [57-76] %. Idir an dá linn, tháinig an laghdú céanna ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais (ós rud é nach bhfreastalaíonn ach Lanxess agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar mhargadh an Aontais go bunúsach), ó [45-60] % go dtí [26-35] % amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(249) Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú cheana féin, d'ainneoin an chur isteach ar shlabhraí soláthair agus leibhéil urghnácha stocála ag na ceannaitheoirí, bhí ar tháirgeoir an Aontais aghaidh a thabhairt ar allmhairí móra ón tSín. D'éirigh éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte níos géire fós ó 2023 ar aghaidh toisc gur lean na hallmhairí sin dá sciar den mhargadh a mhéadú agus de bhrú praghsanna a chur ar thionscal an Aontais a bhí thíos leis. Cé gur éirigh le táirgeoir an Aontais brabúis bheaga a bhaint amach fós in 2022, d'fhág an brú ó na méideanna allmhairí méadaithe ar phraghsanna dumpáilte i bhfad faoi bhun chostas táirgthe an táirgeora san Aontas sa tréimhse ina dhiaidh sin go raibh staid ann a bhí neamh-inbhuanaithe do thionscal an Aontais. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghas díola a mhéadú chun an costas táirgthe a chumhdach toisc go raibh air aghaidh a thabhairt ar iomaíocht éagórach ó allmhairí PBTC ón tSín. Chun caillteanais i méideanna táirgeachta agus i sciar den mhargadh a mhaolú, cuireadh iallach ar tháirgeoir an Aontais praghsanna a laghdú, chun dochar dá bhrabúsacht. Bhain caillteanas mór do thionscal an Aontais ó 2023. Dá bhrí sin, ba iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis leis an laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán.

(250) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go sealadach gur allmhairí dumpáilte ón tSín de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(251) Bunaithe ar an ngearán, seachas an tSín, bhí allmhairí neamhábhartha (thart ar 0.1 % de thomhaltas an Aontais) ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, is iad allmhairí na Síne an t-aon fhoinse mhalartach soláthair amháin den táirge atá faoi imscrúdú san Aontas. Mar chonclúid, ós rud é nach ann do mhéideanna allmhairí ó thríú tíortha go bunúsach, ní fhéadfadh siad difear dealraitheach a dhéanamh don nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais:

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(252) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoir an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoir an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[500 – 700]	[300 – 400]	[350 – 450]	[350 – 450]
Innéacs	*100*	*63*	*59*	*61*
Meánphraghas (EUR/tona)	[2 400 – 3 200]	[2 100 – 2 800]	[1 400 – 1 900]	[1 400 – 1 900]
Innéacs	*100*	*88*	*59*	*58*

Foinse: Lanxess.

(253) Ar an gcaoi chéanna le méideanna táirgeachta agus díolacháin intíre, tháinig laghdú mór ar mhéideanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go príomha ó 2023 ar aghaidh. Thairis sin, lean praghsanna onnmhairiúcháin an treocht chéanna le praghsanna ar mhargadh an Aontais.

(254) Mar sin féin, ní raibh sna honnmhairí chuig custaiméirí neamhchomhlachaithe ach thart ar [7-10] % de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais san Aontas, arbh fhiú thart ar 5 % iad dá tháirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach, cé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais leis an díobháil ábhartha, nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a fuarthas.

5.2.3. *Éileamh san Aontas*

(255) Go deimhin, tháinig crapadh 7 % ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé go raibh sé fós cobhsaí den chuid is mó sna blianta roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Faoi ghnáthdhálaí iomaíochta, i margadh atá ag laghdú, bheadh laghdú cothrom, a bheag nó a mhór, tagtha ar mhéideanna díolachán na rannpháirtithe uile sa mhargadh. Sa chás seo, áfach, fuair allmhairí ón tSín sciar breise [20-25] phointe céatadáin den mhargadh de mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a chuaigh chun dochair do thionscal an Aontais ar tháinig laghdú den mhéid céanna ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, ní bhfuarthas amach go ndearna an crapadh ar éileamh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais sa chás seo.

5.2.4. *Éagsúlachtaí sna costais amhábhar*

(256) Bíonn tionchar dosheachanta ag praghsanna amhábhar ar phraghsáil aon táirge. Sa chás sin, bhí táirgeoir an Aontais in ann na praghsanna díola a mhéadú chun an costas táirgthe a bhí ag dul i méid a ionsú agus chun leibhéil áirithe bhrabúis a bhaint amach ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, ó 2023 ar aghaidh agus

d'ainneoin gluaiseacht anuas de réir a chéile ar phraghsanna amhábhar, cuireadh iallach ar Lanxess PBTC a dhíol faoi bhun an chostais mar gheall ar insreabhadh méadaithe PBTC ón tSín ar phraghas ionsaitheach. Ní raibh sa neamhábaltacht na méaduithe costais a chur ar aghaidh agus an bhrabúsacht atá ag dul i léig ach léiriú ar an díobháil a rinne allmhairí dumpáilte, seachas meath ar an bhfeidhmíocht arbh iad féin ba chúis leis. Dá bhrí sin, ní féidir luaineacht i gcostais amhábhar le linn na tréimhse faoi bhreathnú a mheas mar fhachtóir lena maolaítear an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(257) Suíodh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín ar thaobh amháin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ar an taobh eile. Bhí comhtharlú ama ann idir an méadú suntasach ar mhéid agus sciar margaidh na n-allmhairí dumpáilte agus feidhmíocht thionscal an Aontais a bheith ag dul in olcas, rud a bhí le feiceáil go háirithe ó 2023 ar aghaidh. I margadh a bhfuil crapadh éilimh ann, laghdaigh méideanna méadaithe na n-allmhairí dumpáilte rátaí oibriúcháin thionscal an Aontais agus a chumas praghsanna a shocrú ar an leibhéal a d'fhéadfadh an costas táirgthe a ionsú, rud a léiríonn go soiléir gurb ann d'ísliú praghsanna. Ba é an toradh a bhí ar an staid sin gur bhain caillteanas do tháirgeoir an Aontais ó 2023 ar aghaidh.

(258) Rinne an Coimisiún scrúdú ar thosca féideartha eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar staid thionscal an Aontais. Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca sin ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte.

(259) Maidir le héifeachtaí na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé is moite d'allmhairí neamhábhartha na hIndia, nárbh ann d'allmhairí ó thríú tíortha (féach aithris (251)). Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an toisc sin aon díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh sna honnmhairí chuig custaiméirí neamhchomhlachaithe ach cuid theoranta de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais (féach aithris (254)) agus cé go bhféadfadh sé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais leis an díobháil ábhartha, níor mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a fuarthas.

(260) Ar deireadh, ní raibh an luaineacht i bpraghsanna amhábhar ná crapadh beag ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ina gcúis leis an díobháil ábhartha tarlú. An brú a chuireann allmhairí dumpáilte ar phraghsanna díola a léirítear i neamhábaltacht thionscal an Aontais an costas táirgthe atá ag laghdú a chur ar aghaidh fiú. Ina theannta sin, an caillteanas suntasach a bhain do thionscal an Aontais ó thaobh an sciar den mhargadh a bhí aige i margadh an Aontais cé nach raibh ach laghdú beag ar an éileamh, is léiriú é sin ar ísliú praghsanna mar gheall ar mhéideanna méadaithe allmhairí ar phraghas íseal ón tSín agus ar an díobháil a bhain dó de dheasca na n-allmhairí dumpáilte sin.

(261) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna na hallmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus maidir leis na tosca eile (allmhairí ó thíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, luaineacht costas amhábhar agus crapadh ar éileamh), a breithníodh leo féin nó le chéile, nár mhaolaigh siad ná nár bhris siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha. Is éard atá sa díobháil sciar laghdaithe den mhargadh, táirgeacht, úsáid acmhainneachta táirgeachta, leibhéil fostaíochta, brabúsacht, stoic dheiridh, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí. Thairis sin, mar a mhínítear thuas in aithris (249), bhí tionscal an Aontais thíos le hísliú praghsanna mar gheall ar allmhairí dumpáilte ón tSín.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(262) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(263) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(264) Bhí brabús an táirgeoir aonair de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú faoi bhun 6 % agus níor cuireadh aon bhrabúsacht chuí-réasúnaithe ar fáil maidir leis an tréimhse roimhe sin. Dá bhrí sin, ní bheadh aon cheann de na blianta sin incháilithe chun spriocbhrabús a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Thairis sin, ní dhearna táirgeoir an Aontais aon mhaíomh cuí-réasúnaithe maidir le hinfheistíochtaí ligthe thar ceal ná ar chostais T & F agus nuálaíochta. I bhfianaise na bhfíoras sin, chuaigh an Coimisiún i muinín úsáid a bhaint as an spriocbhrabús íosta 6 % a cuireadh le costas táirgthe iarbhír thionscal an Aontais chun an praghas neamhdhíobhálach a shuí.

(265) Thairis sin, ós rud é nach ndearnadh aon mhaíomh cuí-réasúnaithe de bhun Airteagal 7(2d) maidir le costais reatha nó costais a bheidh ann amach anseo a eascraíonn as comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus as prótacail fúthu nó as na Coinbhinsiúin EIS atá liostaithe, níor cuireadh aon chostas breise leis an bpraghas neamhdhíobhálach a suíodh dá bhrí sin.

(266) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoir an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(267) Sainítear an corrlach gearrdhíola le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin i roinn 3.5.

Cuideachta	Corrlach gearrdhíola (%)
Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	105,6
Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	119,0
Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	104,9
Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte	109,7
Gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne	119,0

(268) Sa chás seo, mhaígh an gearánach go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach gearrdhíola.

6.2. **Saobhadh amhábhar**

(269) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, tá trichlóiríd fosfair ('PCl3'), a bhfuil níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist léi, faoi réir aisíocaíocht CBL 0 % sa tSín.

(270) Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an saobhadh líomhnaithe agus gach saobhadh eile de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín.

(271) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús a úsáideann gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i dtáirgeadh an táirgthe lena mbaineann. Ní úsáideann na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte PCl3 mar amhábhar chun PBTC a tháirgeadh. Ina ionad sin, ceannaíonn siad DMPI, ar ceimiceán é a tháirgtear ó PCl3 agus meatánól. Dá bhrí sin, is amhábhar réamhtheachtach é PCl3 le haghaidh PBTC, toisc gur amhábhar é atá leabaithe in DMPI, arb é príomh-amhábhar PBTC é. Dá bhrí sin, fiú mura gceannaíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte PCl3, tairbhíonn siad d'aon saobhadh amhábhair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do PCl3.

(272) Sainmhíníodh na hamhábhair lena mbaineann an saobhadh in Airteagal 7(2a) mar na hamhábhair sin arb é a bhí i gceist leo 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Shainaithin an Coimisiún a dtosca táirgeachta ar dtús le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte. Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún an méid PCl3 is gá chun tona amháin DMPI a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as sonraí arna soláthar ag an ngearánach maidir lena phróiseas táirgthe féin i leith DMPI lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, saothar agus forchostais. Ansin, chinn an Coimisiún, ar bhonn na gcóimheas tomhaltais a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus praghsanna neamhshaofa sa Bhrasaíl á n-úsáid le haghaidh gach toisce táirgeachta, cén sciar de DMPI a léiríodh i gcostas táirgthe PBTC le haghaidh gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Ar deireadh, chuir an Coimisiún céatadán PCL3 i gcostas táirgthe DMPI i bhfeidhm ar chéatadán DMPI i gcostas táirgthe PBTC. Mar thoradh air sin, shuigh an Coimisiún gurbh é a bhí i gceist le PCl3 níos mó ná 17 % de chostas táirgthe PBTC le haghaidh gach ceann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte.

(273) Scrúdaigh an Coimisiún ansin an saobhtar praghas PC13 le ceann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aisíocaíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta d'onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún suíomh gréasáin maidir le rátaí CBL na Síne ([112]) lenar deimhníodh go raibh PCl3 faoi réir 13 % CBL agus gur 0 % a bhí san aisíocaíocht CBL onnmhairiúcháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(274) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghas PCl3 agus praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch. Ós rud é nár cheannaigh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte PCl3, d'úsáid an Coimisiún sonraí a bhí ar fáil go poiblí maidir le praghsanna ceimiceacha na Síne ([113]) a léirigh go raibh 5 714 CNY ar an meán ar phraghsanna na Síne ar PCl3 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chuir an Coimisiún an praghas sin i gcomparáid le staidreamh allmhairiúcháin GTA maidir le hallmhairí PCl3 ó gach tír chuig gach tír le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léirigh meánphraghas ualaithe 11 136 CNY. Ós rud é go raibh praghsanna na Síne ar PCl3 51 % de phraghsanna allmhairiúcháin idirnáisiúnta, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na praghsanna sa tSín i bhfad níos ísle ná na praghsanna sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch.

(275) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh PCl3 faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.2.1. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(276) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid go soiléir go mbeadh sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Rinneadh leas an Aontais a chinneadh agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais.

(277) Lorg an Coimisiún go gníomhach faisnéis ó pháirtithe leasmhara a chuirfeadh ar a chumas dó cinneadh a dhéanamh an mbeidh feidhm ag mír 2 nó mír 2a den bhun-Rialachán. Iarradh ar na páirtithe leasmhara uile an fhaisnéis ábhartha san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Cuireadh ceistneoir sonrach chuig rialtas na Síne, agus iarradh faisnéis freisin trí na ceistneoirí a bhí ar fáil do na páirtithe leasmhara uile tráth a tionscnaíodh an cás.

6.2.1.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(278) Tá acmhainneacht bhreise ar PBTC os cionn 25 kt ag táirgeoirí onnmhairiúcháin, rud a bhí beagnach dhá oiread thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go leanfadh allmhairí dumpáilte PBTC ón tSín de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais i gcainníochtaí móra fiú má shocraítear leibhéal na ndleachtanna de bhun Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

([112]) https://cess.tax360.com.cn (arna rochtain go deireanach an 27 Márta 2026).
([113]) https://www.chemall.com.cn/news/search.php?kw=%E4%B8%89%E6%B0%AF%E5%8C%96%E7%A3%B7&page=4 (arna rochtain an 27 Márta 2026).

6.2.1.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(279) An measúnú ar iomaíocht amhábhar, dhírigh sé ar thríchlóiríd fosfair (PCl3). Is iad fosfar buí (P4) agus clóirín (CL2) na hamhábhair is gá chun PCl3 a tháirgeadh. Is é fosfar buí an príomhionchur a úsáidtear i dtáirgeadh PCl3, ar ionchur réamhtheachtach é i dtáirgeadh PBTC san Aontas agus sa tSín araon. Go deimhin, is ar leibhéal an fhosfair bhuí atá iomaíocht láidir ann d'amhábhair. Ní tháirgtear fosfar buí ach amháin i roinnt réigiún ar fud an domhain ina bhfuil cúltaiscí fosfáite ar fáil, i.e. sa tSín, sa Chasacstáin agus sna Stáit Aontaithe.

(280) Cé go bhfuil fosfar ar fáil ar bhonn intíre sa tSín, níl aon fhoinse intíre ag táirgeoirí an Aontais agus ní mór dóibh é a allmhairiú ó thríú tíortha, go príomha ón gCasacstáin nó ón tSín agus é a cheannach ar an margadh oscailte, áit a bhfuil praghsanna faoi réir dinimic dhomhanda soláthair agus éilimh, costais fuinnimh agus tosca geopholaitiúla. Murab ionann agus a gcomhghleacaithe sa tSín, ní thairbhíonn táirgeoirí an Aontais de shrianta onnmhairiúcháin lena bhféadfaí iad a chosaint ar luaineacht praghsanna. Cuireann an míbhuntáiste struchtúrach soláthair sin úsáideoirí iartheachtacha fosfair san Aontas, lena n-áirítear an gearánach, i staid nach bhfuil chomh fabhrach céanna le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Is fíor sin fiú i gcás nach gceannaíonn na táirgeoirí sin de chuid na Síne fosfar buí go díreach, ach go ndéanann siad é a fhoinsiú go hindíreach — é atá leabaithe cheana féin in PCL3 ar dtús agus ansin i bhfoisfít démheitile, arb é an t-ionchur réamhtheachtach láithreach é le haghaidh táirgeadh PBTC.

6.2.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais

(281) In éagmais faisnéise maidir leis an slabhra soláthair a bhaineann le fosfar do chuideachtaí an Aontais, rinneadh anailís ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta ar leibhéal an chorrlaigh dumpála don slabhra soláthair iartheachtach amháin - tionscal úsáideoirí PBTC.

(282) Iarradh ar gach ceann de na 25 úsáideoir aitheanta faisnéis a chur ar fáil, lena n-áirítear measúnú ar an éifeacht ar shlabhraí soláthair i gcás ina bhforchuirfí bearta. Leis an gcomhar an-teoranta ó thionscal na n-úsáideoirí, (níos lú ná 10 % de mhargadh PBTC an Aontais), tugtar le fios nach bhfuil coinne acu le suaitheadh substaintiúil is toradh ar dhleachtanna a fhorchur, d'ainneoin go mbeadh an dá úsáideoir chomhoibríocha ag súil le hinfhaighteacht PBTC níos ísle, le praghas méadaithe agus leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann aistriú go ceimiceán malartach ina bpróiseas táirgthe.

(283) Meastar go gcinntítear slándáil soláthairtí PBTC san fhadtéarma le hacmhainneacht bhreise leordhóthanach thionscal an Aontais, ar féidir léi tomhaltas iomlán an Aontais a chumhdach.

(284) In éagmais allmhairí dumpáilte, bheadh coinne leis go méadódh tionscal an Aontais an táirgeacht agus go bhfeabhsódh sé a úsáid acmhainneachta, rud a laghdódh costais aonaid agus a chuirfeadh ar a chumas don tionscal brabúsacht a choinneáil ar bun ar phraghsanna díola níos ísle. Chuirfeadh sé sin feabhas ar infhaighteacht ábhair a fhaightear go háitiúil d'úsáideoirí iartheachtacha, rud a laghdódh a spleáchas ar shlabhraí soláthair tríú tíortha agus a neartódh a n-athléimneacht soláthair.

6.2.2. *Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(285) Tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú seo a mheasúnú, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(286) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	210,4
Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	219,4

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	182,9
Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte	200,4
Gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne	219,4

7. **LEAS AN AONTAIS**

(287) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(288) Mar a leagtar amach in aithris (190), mhonaraigh táirgeoir amháin san Aontas PBTC le linn na tréimhse imscrúdúcháin, Lanxess.

(289) I gcás inar tháinig laghdú mór ar mhéideanna táirgeachta agus ar dhíolacháin an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus inar thabhaigh tionscal an Aontais caillteanais throma, agus é ag dul i ngleic le hinsreabhadh allmhairí PBTC dumpáilte ón tSín, meastar go n-athbhunófar le forchur dleachtanna frithdhumpála na dálaí cóirthrádála i margadh an Aontais le haghaidh PBTC. Dá n-athbhunófaí cothrom iomaíochta, chuirfí deireadh leis an sochtadh praghsanna agus chuirfí ar chumas thionscal an Aontais a bhrabúsacht a théarnamh agus a fheabhsú agus a lucht saothair a choinneáil ar bun.

(290) In éagmais beart, is ridhócha go dtiocfaidh meath breise ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. Go deimhin, gan gníomhaíocht feabhais éifeachtach, tá baol tromchúiseach ann go mbeadh ar an táirgeoir aonair de chuid an Aontais deireadh iomlán a chur leis an táirgeadh. D'fhágfadh sé sin, dá réir sin, nach mbeadh aon rogha eile ag úsáideoirí PBTC an Aontais seachas a bheith ag brath go hiomlán ar allmhairí ón tSín.

(291) Thairis sin, bheadh aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag bearta ar allmhaireoirí nó ar úsáideoirí teoranta (féach Ranna 7.2 agus 7.3 thíos) agus ba mhó iad ná leas thionscal an Aontais sa chás seo.

(292) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(293) Maidir le hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe, chomhoibrigh grúpa amháin cuideachtaí (Connect Chemicals), ina bhfuil trí allmhaireoir, leis an imscrúdú seo trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoir an Choimisiúin. Chuir Connect Chemicals in iúl go raibh sé i gcoinne bearta frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcás an allmhaireora, níl in athdhíol PBTC ach [0-10] % dá láimhdeachas iomlán. Dá bhrí sin, fiú má fhorchuirtear na bearta ar PBTC, is diomaibhseach a mhéid a dhéanfaí difear do ghnó an allmhaireora. Meabhraítear go bhfuil sé d'aidhm ag na bearta dálaí cóirthrádála idir PBTC arna tháirgeadh san Aontas agus PBTC na Síne a athbhunú agus nach gcuirfear cosc ar allmhaireoirí leanúint de PBTC na Síne a allmhairiú.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(294) Is iad príomhfheidhmeanna úsáide PBTC (i) glanadh tionsclaíoch agus institiúideach agus (ii) cóireáil thionsclaíoch agus fuíolluisce. Sa chás seo, tháinig úsáideoirí atá gníomhach sa dá chatagóir chun cinn.

(295) Mar sin féin, níor thug ach dhá úsáideoir (Hypred agus Kurita) a bhfuil feidhmeanna PBTC níos speisialaithe acu (atá gníomhach den chuid is mó i nglanadh talmhaíochta/bia agus i gcóireáil uisce thionsclaíoch faoi seach) freagra ar an gceistneoir úsáideoirí a cuireadh ar fáil ag tús an imscrúdaithe. Ghlac úsáideoirí eile páirt san imscrúdú gan an ceistneoir tiomnaithe úsáideoirí a chomhlánú.

(296) I gcás Hypred agus Kurita, léirigh a bhfeidhmíocht airgeadais go raibh corrlaigh bhrabúis shláintiúla [2-10] % acu. Thairis sin, tugadh le fios sna haighneachtaí a rinne na húsáideoirí sin go bhfuil cion chostas PBTC ina gcostas táirgthe teoranta agus nach mó é de ghnáth ná 10 % den chostas táirgthe. Thairis sin, ní raibh a n-ioncam a dhíorthaítear ó na táirgí ina n-ionchorpraítear PBTC níos airde ná 10-25 % ar ioncam iomlán na cuideachta. Thairis sin, ba ó thionscal an Aontais (15-35 %) a tháinig sciar de PBTC a cheannaigh na húsáideoirí a tháinig chun cinn. Dá bhforchuirfí na bearta atá beartaithe, meastar go mbeidh an tionchar ar bhrabúsacht iomlán na n-úsáideoirí teoranta (agus in aon chás nach mbeidh sé níos airde ná 1 phointe céatadáin).

(297) Thairis sin, i gcomhthéacs anailís leasa na n-úsáideoirí, is díol suntais é gur aithin Kurita gur cosúil gurb iad allmhairí PBTC na Síne príomhchúis na díobhála.

(298) D'áitigh Kurita chomh maith le Hypred, i dtéarmaí aistriú chuig foinsí soláthair eile seachas allmhairí na Síne, nach bhféadfadh tionscal an Aontais an t-éileamh ar PBTC a chomhlíonadh.

(299) Níor chuir na páirtithe aon fhianaise chuí-réasúnaithe ar fáil nach mbeadh an táirgeoir aonair de chuid an Aontais in ann an t-éileamh a thagann ó úsáideoirí an Aontais a shásamh. Cé go bhféadfadh sé gur laghdaigh táirgeoir an Aontais a rátaí oibriúcháin i margadh atá ag meath, mar a leagtar amach in aithris (215), d'fhan a acmhainneacht táirgeachta ar leibhéil chobhsaí leordhóthanacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, sháraigh acmhainneacht táirgeachta Lanxess tomhaltas an Aontais faoi bhreis agus 5 000 tona. Dá bhrí sin, tá sé de chumas ag táirgeoir an Aontais riachtanais soláthair na dtionscal úsáideoirí a chumhdach, gan beann ar shreafaí allmhairiúcháin na Síne.

(300) I bhfianaise na ngnéithe thuas, lena léirítear tionchar teoranta aon bheart ar úsáideoirí PBTC, thángthas ar an gconclúid nach féidir gur mó aon tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann d'úsáideoirí in éagmais bearta i gcoinne allmhairí PBTC na Síne ná na hiarmhairtí diúltacha (a mbeadh díothú thionscal PBTC mar thoradh orthu i gcás foircneach) a bheadh ag an staid reatha ar thionscal an Aontais.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(301) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí PBTC de thionscnamh na Síne, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(302) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(303) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí PBTC de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ba é conclúid an Choimisiúin in aithrisí (285) gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

(304) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	210,4
Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	219,4

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	182,9
Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte a liostaítear san Iarscríbhinn	200,4
Gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne	219,4

(305) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(306) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo. Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(307) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(308) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(309) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(310) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart deireadh a chur le clárú na n-allmhairí.

(311) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(312) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(313) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(314) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(315) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aigéid 2-fosfónabútáin-1,2,4-trícharbocsailigh agus a shalann sóidiam 2-fosfónabután-1,2,4-trícharbocsaláit hidrigine teitreasóidiam, i bhfoirm sholadach nó i dtuaslagán uiscí, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 2931 49 80 (cód TARIC 2931 49 80 60), CAS RN 37971-36-1 agus 66669-53-2, CUS 0027475-9 agus 0087281-1, atá cláraithe san Aontas Eorpach faoi uimhreacha tagartha an Chomhphobail Eorpaigh (CE) 253-733-5 agus 266-442-3 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
An tSín	Jiyuan Qingyuan Water Treatment Co., Ltd.	210,4	88CI
An tSín	Nantong Uniphos Chemicals Co., Ltd.	219,4	88CJ
An tSín	Shandong Taihe Technologies Co., Ltd.	182,9	88CK
An tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	200,4	Féach an Iarscríbhinn
An tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	219,4	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad tomhais a bhfuilimid ag úsáid) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2385.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh

Ainm	Cód breise TARIC
SHANDONG GREEN TECHNOLOGIES IMPORT AND EXPORT CO., LTD	88CL
HEBEI LONGKE WATER TREATMENT CO., LTD	88CM